

2017

**Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais**

Chomhairle na nDochtúirí
Leighis



Comhairle na nDochtúirí Leighis
Medical Council

Eolas ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis an comhlacht rialála le haghaidh dochtúirí. Tá ról reachtúil aici sa phobal a chosaint ach na caighdeáin ghairmiúla is airde a chur chun cinn i measc na ndochtúirí atá ag cleachtadh i bPoblacht na hÉireann.

Tá tromlach de chomhaltaí na Comhairle ina gcomhaltaí neamhleighis. Tá 25 comhalta ar an gComhairle san iomlán, a chuimsíonn 13 chomhalta neamhleighis agus 12 comhaltaí leighis. Ní thugann an Stát aon mhaoiniú don Chomhairle agus faigheann sí an chuid is mó dá cuid airgid ó tháillí clárúcháin na ndochtúirí.

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as Clár na gCleachtóirí Leighis a choinneáil - is é sin Clár na ndochtúirí uile atá ceadaithe go dlíthiúil obair leighis a dhéanamh in Éirinn. Socraíonn an Chomhairle na caighdeáin i gcomhair oideachas agus oiliúint leighis in Éirinn chomh maith. Déanann sí maoirseacht ar fhoghlaím agus forbairt scileanna ar feadh an tsaoil ó thús deireadh ghairmréim an dochtúra trí na riachtanais inniúlachta gairmiúla a leagann síos. Tá sí freagrach as an dea-chleachtadh leighis a chur chun cinn.

Ina theannta sin, is le Comhairle na nDochtúirí Leighis is féidir le baill den phobal gearáin a dhéanamh i gcoinne dochtúra.



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Uachtaráin agus an Leasuachtaráin	2
Súil Siar an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	3
Ráiteas Straitéise 2014 – 2018	4
Roth na Straitéisí	4
Fís, Misean agus Treoirphrionsabail	5
Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2017	6
An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	7
Clárúchán	9
Caighdeán Ghairmiúla	11
Inniúlacht Ghairmiúil	14
Oideachas, Oiliúint agus Gairmiúlacht	16
Seirbhísí Corparáideacha	18
Clár na Rioscaí	21
Na Ráitis Airgeadais	25
Aguisíní	56
Aguisín A Freastal ar Chruinnithe Comhairle	57
Aguisín B Staitisticí Clárúcháin	63
Aguisín C Staitisticí maidir le Gearáin agus Fiosrúcháin Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	65
Aguisín D Staitisticí maidir leis an tSaoráil Faisnéise	71

Ráiteas an Uachtaráin agus an Leasuachtaráin



Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 a fhoilsiú. Is í seo an Tuarascáil Bhliantúil dheireanach de chuid na Comhairle reatha seo de bharr go bhfuil ár dtéarma oifige le teacht chun críche i mí na Bealtaine 2018. Reáchtálfar toghcháin go luath in 2018 le Comhairle nua a thoghadh.

Anois go bhfuilimid ag caitheamh súil siar ar 2017, is mithid dúinn aitheantas a thabhairt don mhéid oibre atá curtha isteach ag comhaltaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus ag baill na Foirne Feidhmiúcháin araon, dream a lean ar aghaidh ag obair go dian leis an sainchúram a leagadh ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis le hAcht na Lia-Chleachtóirí, 2007 a chomhlíonadh.

Bliain chruógach ba ea é don Chomhairle agus bhí go leor buaicphointí ann. I mí an Mhárta 2017 chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an tOmbudsman a lámh le Meabhrán Tuisceana (MT) faoina gceadófaí malartú faisnéise agus gearán idir an dá oifig. Is chun leas an phobail agus na seirbhísí sláinte araon atá an MT sin. Tá nósanna imeachta leagtha síos ann freisin le cabhrú le baill den phobal rochtain ar sheirbhísí an dá eagraíochta.

D'oibrigh Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann as lámha a chéile in 2017 le treoir a chur i dtoll a chéile ar shaincheisteanna a bhaineann le cleachtóirí leighis agus cógaiseoirí araon. Is deis iontach é an comhar sin le dul i ngleic leis na saincheisteanna siúd a chuireann isteach ar dheathorthaí agus a chuireann bac ar dhea-chleachtais ó thaobh cúram othar de. Tá an chéad treoir ar oibríomar le chéile uirthi dírithe ar Chógas a Ordú agus Drugaí Rialaithe a Dháileadh go Slán Sábháilte agus foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair í.

Leanamar orainn ag tabhairt ceannaireachta agus ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara náisiúnta chun feabhas dáiríre a bhaint amach sa chóras oideachais agus oiliúna. Táimid ag buaileadh le chéile le príomhpháirtithe leasmhara le blianta beaga anuas chun tuairimí dochtúirí faoi oiliúint a fháil agus plé a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí an oiliúint iarchéime a fheabhsú dar leo. Reáchtáladh an suirbhé 'Tá Tábhacht le d'Oiliúint' arís i mbliana. Tá an suirbhé seo fós ag cabhrú linn tacú le dochtúirí faoi oiliúint agus an t-eispéireas oiliúna a fheabhsú in Éirinn, rud a fhágfaidh go cinnte go mbeidh dochtúirí níos sásta agus go bhfanfaidh sa chóras dá bhrí sin.

D'óstáil Comhairle na nDochtúirí Leighis, i gcomhar le Fóram Comhlachtaí Oiliúna Liachta Iarchéime na hÉireann, siompóisiam aon lae dar teideal "Dul i nGleic le Dúshlán an Chomhlíonta le hInniúlacht Ghairmiúil a Chothabháil (IGC)". Tá ag éirí go maith le feidhmiú scéimeanna inniúlachta gairmiúla go dtí seo agus dochtúirí ag plé leis na riachtanais IGC ar bhealach dearfach. Bhí plé ag an Siompóisiam ar an gcaoi is fearr a bhféadfaí samhail na Scéime Inniúlachta Gairmiúla a chur chun cinn de réir an dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Leanaimid orainn ag cur tacaíochta ar fáil do dhochtúirí trínár gCoiste Sláine, ar a bhfuil idir chomhaltaí leighis agus chomhaltaí neamhleighis a bhfuil baint acu leis an earnáil cúraim sláinte agus leighis. Tá ról tábhachtach ag ár gCoiste Sláinte i dtaobh tacú le dochtúirí leanúint ar aghaidh ag cleachtadh nuair atá siad breoite nó nuair atá an saol ag dul deacair orthu.

Is éard is cúis leis an gComhairle ná an pobal a chosaint ach ardchaighdeán a chur chun cinn agus a chinntiú i measc dochtúirí ó thaobh iompar, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil de. Ní bheadh an méid sin indéanta murach an tacaíocht a fhaighimid ónár gcuid páirtithe leasmhara, an pobal, comhaltaí seachtracha na gcoistí, comhaltaí na Comhairle, an fhoireann feidhmiúcháin agus, thar aon ní eile, ó na cleachtóirí leighis cláraithe.

An tOll. Freddie Wood
An tUachtarán

An Dr. Anthony Breslin
An Leasuachtarán

Súil Siar an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Fáilte romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil 2017. Ba bhliain bhisíúil é don Chomhairle agus is mór an pléisiúr dom súil siar a chaitheamh ar ar baineadh amach.

Thugamar faoinár bpróiseas bliantúil coinneála clárúcháin i mí an Mheithimh agus tá níos mó cleachtóirí leighis ar an gclár anois ná riamh mar thoradh air. Tá breis is 22,600 dochtúir cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis anois, líon a léiríonn méadú 1,000 dochtúir i gcomparáid leis an mbliain 2016. Mar a fheicfidh tú sa tuarascáil seo, sháraigh líon na gcleachtóirí leighis cláraithe i Rannán na Speisialtóirí líon na gcleachtóirí sa Rannán Ginearálta den chéad uair riamh.

Ar cheann dár mórchuspóirí don bhliain 2017 bhí caidreamh níos díri a bhunú lenár gcuid páirtithe leasmhara. Bhí an-áthas orm cuairt a thabhairt le linn na bliana ar roinnt ospidéal le labhairt le dochtúirí, breac-chuntas a thabhairt ar shaothar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a tháinig chun cinn. Tá sé beartaithe againn go leanfaimid ar aghaidh leis na cuairteanna sin in 2018, agus cuirfear sonraí ar fáil go luath faoi na cuairteanna ospidéil atá ar na bacáin. D'fhreastail baill foirne ar an iliomad imeachtaí le linn na bliana chomh maith, agus iad ag óstáil seastáin eolais a bhí dírithe ar ghairmithe leighis agus ar an bpobal i gcoitinne araon. I measc na n-imeachtaí sin bhí Lá na nGairmeacha Leighis, Siompóisiam Lúcais ag Lá Oideachais Náisiúnta Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann do Dhochtúirí faoi Oiliúint, agus an Chomhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht Othar. Táimid ag tnúth go mór leis an gcaidreamh lenár gcuid páirtithe leasmhara a fhás agus a fhorbairt tuilleadh in 2018 agus níos faide anonn.

I mí Lúnasa sheolamar ár dtuarascáil chomhdhlúite ar 'Tá Tábhacht le d'Oiliúint 2014 – 2016', is é sin an suirbhé a dhéanaimid gach bliain ar dhochtúirí faoi oiliúint. Ós rud é go raibh sonraí carnacha againn i ndáil le 3 bliana, ba mhihtid dúinn breathnú ar an tionchar a bhí ag na bearta ceartaitheacha, a rinneadh le dul i ngleic le heasnamh a tháinig chun solais mar thoradh ar na suirbhéanna, i gcomhthéacs eispéireas an dochtúra faoi oiliúint. Agus an méid sin á dhéanamh againn, rinneamar sainaitheint ar réimsí a raibh tionchar dearfach ag an suirbhé orthu agus ar réimsí ar gá díriú orthu sna blianta atá amach romhainn. Foilseofar torthaí 'Tá Tábhacht le d'Oiliúint, 2017' le linn 2018.

Bhí ár bhfoireann Oideachais, Oiliúna agus Gairmiúlachta gnóthach i rith na bliana chomh maith, agus iad ag tabhairt faoi iniúchtaí ar láithreáin oiliúna cliniciúla ó cheann ceann na tíre. Tháinig an gá leis na hiniúchtaí láithreáin sin chun solais mar thoradh ar na suirbhéanna 'Tá Tábhacht le d'Oiliúint', rud a léiríonn cé chomh tábhacht is atá sé do dhochtúirí faoi oiliúint na suirbhéanna a chomhlánú. Tá sé de fhreagracht orainn freisin labhairt go díreach le dochtúirí faoi oiliúint leis na láidreachtaí agus laigí san oiliúint do speisialtóirí a dhéanamh amach agus le sainaitheint a dhéanamh ar dheiseanna le cúrsaí a athrú chun feabhais. Leanfar ar aghaidh leis na hiniúchtaí sin in 2018.

Forbairt shuntasach eile a tharla i gcaitheamh na bliana ba ea an chumarsáid a bhí againn ar bhonn leanúnach leis na Comhlachtaí Oiliúna larchéime maidir le ceist na Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla. Chuamar i gcomhar le chéile le Siompóisiam a óstáil ar an gceist sin, ar éirigh go hiontach leis, agus fuarthas ionchur ó na Comhlachtaí Oiliúna larchéime, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, slánaíochtóirí, agus Cumann na nOspidéal Príobháideach, i measc páirtithe eile. Is rud é an plé ar chothabháil inniúlachta gairmiúla a bhfuilimid dírithe air le tamall maith anuas, agus tá dul chun cinn suntasach déanta againn i gcomhpháirt lenár gcuid páirtithe leasmhara leis na rátaí rollaithe a ardú.

I lár 2017 d'éirigh an Dr. Audrey Dillon as ról an Leasuachtaráin mar gheall go raibh uirthi freastal ar dhualgais oibre eile. Tháinig an Dr. Anthony Breslin, speisialtóir sa Leigheas Sláinte Poiblí, i gcomharbacht uirthi. Bhí an Dr. Dillon sa phost ó tionscnaíodh an Chomhairle reatha sa bhliain 2013, agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil léi as a thiomanta a bhí sí don iliomad tionscadal agus as an bhfuinneamh a léirigh sí le himeacht na mblianta. Tá buíochas ag dul don Dr. Breslin freisin as glacadh leis an ról agus as an tsárobair atá curtha isteach aige ó shin i leith.

Ar an ábhar céanna, ba é 2017 an bhliain iomlán dheireanach den Chomhairle reatha seo agus tá an téarma seo le teacht chun deiridh i mí na Bealtaine 2018. Aimsir an-dearfach do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ba ea na cúig bliana anuas, ar lena linn ar tharla roinnt athruithe suntasacha, agus táimid an-bhuíoch don treoir agus don cheannaireacht a léirigh an Chomhairle seo. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil chomh maith le foireann Chomhairle na nDochtúirí Leighis as ucht a bheith chomh gairmiúil agus chomh tiomanta sin dár saothar.

Tá neart athruithe spreagúla agus toghchán geallta don bhliain 2018, rud a fhágann go bhfuilimid ag tnúth go mór le tús a chur le ré nua sna míonna atá amach romhainn.

William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


Ráiteas Straitéise 2014 - 2018

In 2014 thug Comhairle na nDochtúirí Leighis Ráiteas Straitéise isteach don tréimhse 2014 – 2018. Leagadh amach sa phlean sin treo na Comhairle agus tugadh breac-chuntas ar 6 chuspóir straitéiseacha le comhlíonadh, a raibh 5 chroí-threoirphrionsabal mar bhonn agus mar thaca acu.

Leag an Chomhairle sé chuspóir straitéiseacha síos dá téarma:

1. Clár éifeachtach, éifeachtúil a fhorbairt a bheidh freagrach do riachtanais an phobail agus na ngairmeacha míochaine de réir mar a athróidh siad.
2. Timpeallacht foghlama tacaíochta a chruthú chun an dea-chleachtadh gairmiúil a chumasú.
3. Muinín an phobail agus na ngairmeacha míochaine as próisis na Comhairle a choinneáil trí chur chuige comhréireach, spriocdhírthe a fhorbairt i leith gníomhaíochtaí rialála.
4. Taighde léargasach a dhéanamh agus tuilleadh rannpháirtíochta a chothú chun sábháilteacht othar a fheabhsú.
5. Cultúr eagraíochta a thógáil a thacóidh leis an gceannaireacht agus leis an bhfoghlaim.
6. Eagraíocht inbhuanaithe, ardfheidhmíochta a fhorbairt.

Is í an bhliain 2018 bliain dheireanach an Ráitis Straitéise agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an obair ar Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2019 - 2023 go luath in 2018.



Fís, Misean agus Treoirphrionsabail

Fís

Ceannaireacht a thabhairt do dhochtúirí i dtaobh an dea-chleachtadh gairmiúil a fheabhsú ar mhaithe le sábháilteacht othar

Misean

Ardchaighdeán a chinntiú ó thaobh oideachais, oiliúna agus cleachtaidh de i measc dochtúirí ar son leas na n-othar

Treoirphrionsabail

- 1 Spreagaimid an éagsúlacht, an rannpháirtíocht agus an fhoghlaím d'fhonn cabhrú linn ár n-eagraíocht a fheabhsú
- 2 Déanaimid ár seacht ndíchill muintín a fheabhsú tuilleadh idir othair, dochtúirí agus Comhairle na nDochtúirí Leighis
- 3 Déanaimid bearta de réir ár mbriathair; leagaimid síos ardchaighdeán dúinne féin agus do na dochtúirí agus do na heagraíochtaí a rialálaimid iad
- 4 Tugaimid faoinár gcuid dualgas ar bhealach cothrom, comhsheasmhach a léiríonn meas do dhaoine agus a dtugann cothrom na féinne dóibh
- 5 Déanaimid cinntí neamhspleácha, feasacha, oibiachtúla agus bímid cuntasach fúthu

Comhaltaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2017



An tOll. Freddie Wood
An tUachtarán



An Dr. Anthony Breslin
An Leasuachtarán



An Dr. John Barragry



Vicky Blomfield



Katharine Bulbulia



Anne Carrigy



An Dr. Seán Curran



Fergus Clancy



An Dr. Audrey Dillon



An Dr. Rita
Doyle



Mary Duff



An tOll.
Fidelma Dunne



An tOll.
Bairbre Golden



An Dr. Ruairí
Hanley



Seán Hurley



An tOll.
Alan Johnson



An tOll.
Mary Leader



Catherine McKenna



Margaret Murphy



John Nisbet



An tOll.
Colm O'Herlihy



Tom O'Higgins



An Dr. Michael
Ryan



Cornelia Stuart




An Dr. Consilia Walsh

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Bill Prasifka

POF



Wendy Kennedy

*Stiúrthóir Seirbhísí
Corparáideacha*



Philip Brady

*Stiúrthóir Clárúcháin agus
Feabhsaithe Próiseas Gnó*



Jantze Cotter

*Seirbhísí Forbartha
Gairmiúla agus
Taighde*



William Kennedy

Stiúrthóir Rialacháin




Úna O'Rourke

*Stiúrthóir Oideachais,
Oiliúna agus
Gairmiúlachta*

2017 ina Uimhreacha

22,649

DOCHTÚIR AR AN gCLÁR



Miondealú ar an bhFórsa Oibre Leighis

58%

FIREANN



42%

BAINEANN

35%



Céatadán de na dochtúirí cláraithe atá
35 BLIAIN D'AOIS NÓ NÍOS ÓIGE

Scrúdú ríomhaire-bhunaithe
an Chórais Scrúduithe Réamhchlárúcháin (CSRC)



pasráta

51%



pasráta

62%

4,244,627

CUAIRT AR ÁR LÁITHREÁN GRÉASÁIN IN 2017



i gcomparáid le
4,083,370 in 2016.
Méadú 4%



FUARTHAS

356

GEARÁN



Líon na leantóirí ar na meáin shóisialta
MÉADAITHE FAOI DHÓ IN 2017

Clárúchán

Is í Comhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as Clár na gCleachtóirí Leighis a choinneáil, agus ós rud é go raibh 22,649 dochtúir air in 2017 bhí níos mó dochtúirí cláraithe ná riamh roimhe.

Athruithe ar Cheanglais maidir leis an tslánaíocht Ghairmiúil

Tugadh faoi roinnt mórathruithe in 2017 maidir le ceanglais chlárúcháin. Ar cheann de na hathruithe is mó atá tagtha i bhfeidhm ar chleachtóirí cláraithe leighis bhí na leasuithe ar na ceanglais maidir leis an tslánaíocht Ghairmiúil.

Is ceanglas éigeantach í an tslánaíocht Ghairmiúil, a thugann cosaint don chleachtóir in aghaidh éilimh a eascraíonn i leith míchleachtas leighis agus faillí, agus éilimh shibhialta eile a eascraíonn as sárú dualgais a bhaineann le cleachtadh an dochtúra. Ní mór do gach uile dhochtúir atá ag cleachtadh an leighis in Éirinn clúdach slánaíochta a bheith i bhfeidhm aige atá oiriúnach do nádúr a fhostaíochta/a shocráithe cleachtaidh agus dá réimse cleachtaidh.

Chuir an tAire Sláinte, Simon Harris TD, a lámh leis an ordú um thosach feidhme d'Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2017, a tháinig in éifeacht Dé Luain, an 6 Samhain 2017. Déantar leasú leis an Acht sin ar Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, agus tugtar cuntas ann ar na ceanglais dhlíthiúla atá ar gach cleachtóir leighis atá cláraithe faoi láthair nó atá ag déanamh iarratais le clárú le Comhairle na nDochtúirí Leighis maidir le leibhéil slánaíochta gairmiúla leighis.

Rannáin Chlár na nDochtúirí Leighis

In 2017 sháraigh líon na gcleachtóirí leighis cláraithe i Rannán na Speisialtóirí líon na gcleachtóirí sa Rannán Ginearálta den chéad uair riamh. Tá sé sin ag teacht leis an teocht le blianta beaga anuas.

Rannáin	2015		2016		2017	
An Rannán Ginearálta	42%	8,547	42%	9,102	41%	9,274
Rannán na Speisialtóirí	41%	8,370	40%	8,807	41%	9,306
Rannán na Speisialtóirí faoi Oiliúint	12%	2,371	12%	2,669	12%	2,811
Rannán na nIntéirneach	4%	932	5%	995	5%	1,081
An Rannán Maoirsithe	1%	224	1%	195	1%	157
Ar cuairt ón LEE	0%	29	0%	27	0%	20
Iomlán	100%	20,473	100%	21,795	100%	22,649

In 2017 sháraigh líon na gcleachtóirí leighis cláraithe i Rannán na Speisialtóirí líon na gcleachtóirí sa Rannán Ginearálta den chéad uair riamh.

Dochtúirí de réir Shuíomh a bPríomhcháilíochta

Fuair 58% de na cleachtóirí leighis a bhí cláraithe in Éirinn in 2017 a bpríomhcháilíocht leighis in Éirinn agus fuair 14% eile a gcáilíocht i mballstát eile den Aontas Eorpach nó i dtír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Fuair 28% de na cleachtóirí leighis cláraithe a bpríomhcháilíocht leighis taobh amuigh den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Catagóirí na nIarratasóirí	2015		2016		2017	
Catagóir 1 (Cáilithe in Éirinn)	12,519	61%	12,827	59%	13,116	58%
Catagóir 2 (Saoránach AE cáilithe san AE/LEE)	2050	10%	2,254	10%	2,415	11%
Catagóir 3 (Duine nach Saoránach AE cáilithe san AE/LEE)	689	3%	776	4%	816	3%
Catagóir 4 (Cáilithe taobh amuigh den AE/LEE)	5,215	26%	5,938	27%	6,302	28%
Iomlán	20,473	100%	21,795	100%	22,649	100%

Is féidir teacht ar na Staitisticí Clárúcháin ar fad ar na leathanaigh [cuir isteach de réir mar is cuí]:

- ▶ Staitisticí maidir le Scrúduithe Réamhchlárúcháin
- ▶ Rannáin Chlár na nDochtúirí Leighis
- ▶ Catagóirí na nIarratasóirí
- ▶ Miondealú ar Inscne
- ▶ Raon aoise na ndochtúirí ar an gClár

Caighdeáin Ghairmiúla


Is iad príomhfheidhmeanna na foirne um Chaighdeáin Ghairmiúla ná tacú le hobair an Choiste Réamhimeachtaí (CRI), an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh (CFC) agus na Meithle Oibre Monatóireachta.

Tá i gceist leis sin dul i mbun comhfhreagrais le gearánaigh agus cleachtóirí leighis cláraithe maidir le gearáin a chomhdaigh an CRI lena n-athbhreithniú, agus éisteachtaí um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh a eagrú le breathnú ar iompar, feidhmiúlacht chun cleachtadh nó míchumas liachta iomchuí cleachtóirí leighis cláraithe.

Ina theannta sin, déanann an fhoireann cáipéisíocht a ullmhú do gach cruinniú den CRI agus den CFC, déanann plé le comhfhreagras i ndiaidh na gcruinnithe sin, agus cuireann na miontuairiscí i dtoll a chéile lena bhfaomhadh. Déanann an fhoireann um Chaighdeáin Ghairmiúla plé le gearánaigh, dochtúirí agus ionadaithe dlí dochtúirí gach lá, chomh maith le treoirlínte a dhréachtú a éilítear leis an reachtaíocht agus iniúchtaí a dhéanamh ar ordú ón CRI.

Fuair Comhairle na nDochtúirí Leighis 356 gearán i gcaitheamh 2017.

Léargas Ginearálta ar an bPróiseas Déanta Gearán



Cás-staidéir

Is minic a fhaigheann an fhoireann um Chaighdeáin Ghairmiúla ceisteanna ó chleachtóirí leighis faoina bhféadfadh a bheith ina fhorais ghearáin, agus faoin gcaoi a bhféadfadh na gearáin sin dul ar aghaidh. Seo a leanas roinnt cás-staidéir shamplacha atá bunaithe ar fhíorghearáin a fuair agus a d'fhiosraigh an CRI.

Cás-Staidéar A

Tá cónaí ar dheartháir an ghearánaigh, an tUas. X, i dteach cúraim. Tá míchumas foghlama agus deacrachtaí cumarsáide ag an Uas. X. Thug an tUas. X cuairt ar an Dr. Y in éineacht lena oibrí cúraim shóisialta de bharr go raibh an daorghalar tagtha air agus bhí scrúdú leighis ag teastáil uaidh. Líomhnaíodh gur dhiúltaigh an Dr. Y an tUas. X a fheiceáil. Dúirt an tUas. X nach ndéanadh an Dr. Y scrúdú ar an Uas. X gan altra a bheith i láthair. Líomhnaíodh go raibh an Dr. Y ríchorraithe, gur labhair ar bhealach dímheasúil leis an oibrí cúraim shóisialta agus leis an Uas. X, agus gur fiafraigh 'Cén fáth sa diabhal a bhfuil seisean anseo?'.

Níos deireanaí sa tseachtain sin, thug cúntóir cúraim an tUas. X leis an Dr. Y a fheiceáil arís. Líomhnaíodh go raibh an Dr. Y drochbhéasach leis an Uas. X agus leis an gcúntóir cúraim, agus go raibh orthu fanacht ar feadh 25 nóiméad fad is a bhí an Dr. Y ag plé le hothair eile a tháinig isteach sa lialann tar éis an Uas. X.

Nuair nár fhreastail an Dr. Y ar an Uas. X, d'inis an Dr. Y don chúntóir cúraim nach raibh 'tuairim ag an Uas. X'. Arís eile dhiúltaigh an Dr. Y scrúdú a dhéanamh ar an Uas. X toisc gur theastaigh uaidh go mbeadh altra i láthair. Chaith an Dr. Y amhras ar cháilíochtaí an chúntóra cúraim agus d'inis dó nach ndéanfaí scrúdú ar an Uas. X gan duine a bhfuil cáilíocht leighis aige a bheith i láthair. Bhí an tUas. X i láthair don chomhrá sin. Líomhain an gearánach go raibh a deartháir trí chéile mar gheall ar an dá chuairt.

Rinne an Coiste Réamhimeachtaí roinnt fiosruithe i ndáil leis an Dr. Y.

D'iarr an Coiste ar an Dochtúir freagra a thabhairt ar an ngearán. D'iarr an Coiste ar an gcúntóir cúraim agus ar an oibrí sóisialta freisin ráiteas a thabhairt ar ar tharla. Agus iad ag féachaint don eolas sin ar fad, tháinig an Coiste ar an tuairim nach raibh fianaise leordhóthanach ann leis an Dochtúir a chur ar aghaidh chuig fiosrúchán, ach gur chóir an Dr. X a chur ar aghaidh chuig scéim inniúlachta gairmiúla maidir le scileanna cumarsáide agus an chaoi a gcaitheann sé lena chuid othar.

Cás-Staidéar B

Bhain titim den ghearánach agus d'fhreastail sí a a dochtúir teaghlaigh roinnt uaireanta le cóir leighis a fháil ar a cuid gortuithe. D'iarr sí a cuid taifead leighis agus tuairisc leighis ar chúiseanna dlí-liachta. In ainneoin go ndeachaigh sí i dteagmháil le hoifig an dochtúra arís is arís eile trí litir agus ar an bhfón, níor éirigh leis an ngearánach cóip dá cuid taifead a fháil. Rinne an t-othar gearán le Comhairle na nDochtúirí Leighis dhá bhliain tar éis di a cuid faisnéise a lorg óna dochtúir teaghlaigh den chéad uair. D'iarr an coiste freagra ar an gcleachtóir, d'ordaigh freisin go gcuirfí freagra an dochtúra teaghlaigh ar aghaidh chuig an ngearánach lena cuid tuairimí a fháil. Ghabh an dochtúir a leithscéal agus thug sé dá aire gur theip air ina dhualgas chun na taifid agus an tuairisc arna n-iarraidh a chur ar fáil.

Tháinig an Coiste ar an tuairim gur chóir an gearán a chur ar aghaidh chuig scéim inniúlachta gairmiúla le haghaidh measúnú feidhmíochta. Bhí sé sin bunaithe ar nithe b'údar imní faoi chomhthéacs an chleachtaidh, lena n-áirítear córais riaracháin, tacaíocht bainistíochta agus riaracháin, coimeád taifead, bainistíocht ualaigh oibre agus dea-chleachtadh leighis a choinneáil, ach gan a bheith teoranta dóibh. Bhí an Coiste sásta gur chóir úsáid a bhaint as an measúnú feidhmíochta chun go mbeadh Comhairle na nDochtúirí Leighis in ann a dheimhniú di féin go bhfuil inniúlacht ghairmiúil an Dr. X á cothabháil aige ar bhonn leanúnach agus tacaíocht a chur ar fáil don Dr. X le dea-chleachtas sna réimsí sin.

Cás-Staidéar C

D'fhreastail an gearánach ar choinne ag cleachtadh dochtúirí teaghlaigh leis an Dr. B mar go raibh imní uirthi faoi mheall ina faighin. Rinneadh scrúdú ar fhaighin an ghearánaigh ach líomhain sí nár fhiafraigh an Dr. B di ar mhaith léi go n-imeodh sé ón seomra agus í ag baint a cuid éadaí di féin, agus go raibh uirthi iarraidh air déanamh amhlaidh dhá uair. Líomhain an gearánach nár thug an Dr. B aon rud di le hí féin a chlúdach i rith an scrúdaithe, gur mhothaigh sí nocht, agus nár chuir sé in iúl di go raibh de cheart aici duine eile a bheith in éineacht léi don scrúdú.

Líomhain an gearánach freisin go raibh an scrúdú garbh, pianmhar agus nár aimsigh an Dr. B céard ba chúis leis an bhfadhb leighis. Dúirt an gearánach go ndeachaigh sí chuig an gcleachtadh céanna an lá dár gcionn, áit ar labhair sí le dochtúir difriúil a réitigh an fhadhb a bhí ag cur as di.

Rinne an Coiste roinnt fiosruithe i ndáil leis an ngearán seo. D'iarr an Coiste ar an dochtúir freagra a thabhairt ar an ngearán seo, agus lorg tuairimí an ghearánaigh ar an bhfreagra sin ansin. D'iarr an Coiste na taifid leighis i ndáil leis an gcoinne seo chomh maith.

Tháinig an Coiste ar an tuairim gur chóir an Dr. B a chur ar aghaidh chuig scéim inniúlachta gairmiúla le haghaidh measúnú feidhmíochta bunaithe ar nithe b'údar imní maidir le dea-chúram cliniciúil i réimse shláinte na mban.

Mhol an Coiste go ndéanfaí measúnú feidhmíochta a bheadh dírithe go sonrach ar scileanna obráide agus teicniúla an dochtúra ó thaobh scrúduithe faighne de, ar cé chomh tábhachtach is atá sé a chur in iúl don othar go bhfuil de cheart aici duine a bheith in éineacht léi, agus ar bhainistíocht chliniciúil i dtaobh riocht an othair a mheas i réimse shláinte na mban.

Bhí an Coiste sásta gur chóir úsáid a bhaint as an measúnú feidhmíochta chun go mbeadh Comhairle na nDochtúirí Leighis in ann a dheimhniú di féin gur cheart go mbeadh an Dr. B in ann leanúint dá chleachtadh.

Cás-Staidéar D

D'fhreastail an gearánach ar an Roinn Béal agus Mascaille i suíomh cliniciúil le go bhféadfaí píosa beag fíocháin a bhaint dá drandal. Líomhain an gearánach gur fhág an obráid sin í le 'fadhbanna tromchúiseacha nach féidir a chur ina gceart agus a chuireann isteach ar a saol laethúil'. Rinne an Dr. X an obráid agus bhí sé ina chláráitheoir an tráth sin. Bhí an Dr. X faoi mhaoirseacht dochtúir sinsearach, nach raibh i láthair ar an lá áirithe sin. Líomhain an gearánach nach raibh an Dr. X cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an dáta a ndearnadh an obráid. Líomhain an gearánach freisin nach raibh an Dr. X cláraithe leis an gComhairle Fiaclóireachta an tráth sin ach an oiread.

Rinne an Coiste roinnt fiosruithe i ndáil leis an ngearán seo. D'iarr siad ar an dochtúir freagra a thabhairt ar an ngearán seo, agus lorg tuairimí an ghearánaigh ar an bhfreagra sin. D'iarr an Coiste ar an suíomh cliniciúil taifid an ghearánaigh agus an comhad faoin imscrúdú inmheánach a chur ar fáil chomh maith. D'admhaigh an Dr. X nach raibh an Dr. X cláraithe ar lá na hobraíde. De bhun alt 63 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, tháinig an Coiste ar an tuairim go raibh cás prima facie ann chun gníomh breise a dhéanamh i ndáil leis an ngearán i gcoinne an Dr. X, agus ag féachaint dá thromchúisí a bhí an t-ábhar, bheartaigh é a chur ar aghaidh chuig an gCoiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh ar fhorais mí-iompair ghairmiúil.

Is féidir teacht ar staitisticí ar ghearáin, cinntí agus torthaí ar na leathanaigh [cuir isteach de réir mar is cuí]:

- Bunús na ngearán a fuarthas
- Gearáin de réir inscne
- Gearáin de réir rannáin an Chláir
- Gearáin de réir raon aoise
- Réimse na gCáilíochtaí
- Cineál na ngearán a fuarthas
- Gearáin ar bhreathnaigh an CRI orthu
- An Coiste Monatóireachta
- An Coiste Sláinte
- Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh
 - Fiosrúcháin a Tionóladh
 - Torthaí
 - Poiblí/Príobháideach
 - Pionóis a gearradh
 - Ionadaíocht dhlíthiúil
 - An chúis le héisteachtaí príobháideacha
 - Iarratais faoi Alt 60

Inniúlacht Ghairmiúil

Tá an fhoireann um Inniúlacht Ghairmiúil freagrach as an gcóras rialála um chothabháil inniúlachta gairmiúla a fheidhmiú. Baintear an méid sin amach trí scéimeanna oibriúcháin agus monatóireachta a bhfuil sé mar aidhm acu an inniúlacht ghairmiúil a bhfuiltear ag súil léi ó gach cleachtóir leighis cláraithe a chothabháil, agus trí scéimeanna ina ndéantar measúnú ar fheidhmíocht ghairmiúil mar fhreagairt ar nithe sonracha is údar inní a thagann chun solais i ndáil le cleachtóirí leighis cláraithe ar leith.

Ó cuireadh tús le Cothabháil Éigeantach Inniúlachta Gairmiúla (CIG) i mí na Bealtaine 2011, tá an-dul chun cinn déanta agus an-chuid bainte amach le héascaíocht a dhéanamh ar chleachtóirí leighis cláraithe (CLCanna) na ceanglais CIG a chomhlíonadh. Tá ag éirí go geal leis an rollú ar Scéimeanna Inniúlachta Gairmiúla (Scéimeanna) agus leis an ngníomhaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí (FGL) a chuireann na Scéimeanna chun cinn. Tá na comhlachtaí oiliúna liachta iarchéime tar éis a chur in iúl gur thug siad feabhas sonraíoch faoi deara le linn chéim luathfheidhmithe an CIG.

Agus samhail an CIG á cur i bhfeidhm, rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis, i gcomhar le Comhlachtaí Oiliúna larchéime, iarracht tacú agus dul i ngleic le saincheistanna a tháinig chun cinn trí phróisis iniúchta agus fíoraithe. Tugadh faoi dhá phríomhréimse gnímh i gcaitheamh 2017:

1. Dul i ngleic le neamhrollú ar Scéim Inniúlachta Gairmiúla; agus
2. Éabhlóid shamhail an CIG.

Dul i ngleic le neamhrollú ar Scéim

Trína ról monatóireachta, d'aithin Comhairle na nDochtúirí Leighis gur chóir go mbeadh na rátaí rollaithe ar Scéim níos airde ná a raibh á thuairisciú ag na Comhlachtaí Oiliúna larchéime. Bíodh sin mar atá, aithníodh i mí na Nollag 2016 go raibh na sonraí a bhí á n-úsáid le méid agus saintréithe an ghrúpa neamhrollaithe a mheas ar neamhréir.

Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis bearta leis sin a chur ina cheart le linn 2017. Rinneadh an dearbhú maidir le Scéim Inniúlachta Gairmiúla, atá ina chuid den phróiseas coinneála clárúcháin, a leasú agus éilíodh ar gach CLC a tháille rollaithe don Scéim a íoc sular chomhlíon sé an fhoirm coinneála clárúcháin. Fuarthas trí dhumpa sonraí ó na Comhlachtaí Oiliúna larchéime ó mhí an Mheithimh go mí na Nollag faoi líon na CLCanna a bhí rollaithe ar a Scéim agus líon na CLCanna a bhí ag gabháil do chlár oiliúna dá gcuid. Rinne Comhairle na nDochtúirí Leighis teagmháil le CLCanna freisin lena chur i gcuimhne dóibh go raibh d'oibleagáid dhlíthiúil orthu rollú ar Scéim agus páirt a ghlacadh in CIG.

Méadaíodh na rátaí rollaithe mar thoradh ar an gcomhar sin idir Comhairle na nDochtúirí Leighis agus na Comhlachtaí Oiliúna larchéime, agus tá na ceanglais á gcomhlíonadh ag thart ar 95% acu anois. Coinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis i dteagmháil le páirtithe leasmhara, go háirithe fostóirí a bhfuil de fhreagracht orthu a chinntiú go bhfuil na CLCanna atá á bhfostú acu rollaithe agus páirteach in CIG ar bhonn leanúnach, agus rachaidh chun dlí, de réir mar is gá, le gníomh rialála a fheidhmiú ar aon CLCanna nach bhfuil rollaithe.

Éabhlóid shamhail an CIG.

Tá ról ag Comhairle na nDochtúirí Leighis freisin in athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le Scéimeanna agus feabhsuithe a mholadh. In 2017 cuireadh caoi sheolta éifeachtach ar an tuairisciú maidir le Scéimeanna d'fhonn díriú isteach ar thacar níos lú eochairtháscairí feidhmíochta, a thomhaiseann comhlíonadh CIG, an próiseas athbhreithnithe bhliantúil agus costais, agus a thugann níos mó eolais ar threochtaí, rud is féidir a úsáid leis na Scéimeanna a fhorbairt tuilleadh. Tugadh isteach spriocdháta a gcaithfidh dochtúirí cláraithe rollú ar Scéim faoi. Cuireadh tuilleadh eolais amach chuig dochtúirí ar chúrsaí comhlíonta trí na comhlachtaí oiliúna, Comhairle na nDochtúirí Leighis agus nuachtlitreacha freisin.

I mí Dheireadh Fómhair, chuaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Fóram Comhlachtaí Oiliúna Liachta larchéime na hÉireann i gcomhar le chéile le Siompóisiam a eagrú, a bhí dírithe ar dhúshláin a shárú a bhain leis an CIG agus forbairt Scéimeanna. D'fhreastail an-chuid daoine ar an Siompóisiam agus ina measc bhí rannpháirtithe ó na Comhlachtaí Oiliúna larchéime, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, slánaíochtóirí, agus Cumann na nOspidéal Príobháideach. Tugadh sainmhíniú leathan ar roinnt príomhbhearta i dtaobh comhlíonadh na cothabhála inniúlachta gairmiúla a éascú agus a bhainistiú, agus leagadh béim ar leith ar cé chomh tábhachtach is atá sé nach mbreathnófaí ar an inniúlacht ghairmiúil mar thic le cur i mbosca agus go dtabharfaidís faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ar bhealach níos fiúntaí. Cuirfear iad sin i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh.

Nósanna Imeachta Measúnaithe Feidhmíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis

Is bealach neamhphionósach iad na nósanna imeachta measúnaithe feidhmíochta atá ag Comhairle na nDochtúirí Leighis le tacú le CLCanna a bhfuil deacrachtaí feidhmíochta acu is féidir a chur ina gceart trí phróiseas forbartha gairmiúla.

In 2017 cuireadh 13 chás ar aghaidh le haghaidh measúnú feidhmíochta, a bhain le réimse leathan speisialtachtaí leighis. Is iondúil go mbíonn roinnt gníomhaíochtaí i gceist leis an measúnú feidhmíochta, amhail athbhreithniú ar thaifid, measúnú cásbhunaithe, breathnú go díreach ar an dochtúir, aiseolas ó phiaráí agus othar, agus féinmhachnamh. Bíonn fáil ar Mheasúnú Sláinte Ceirde nuair is gá lena dhéanamh amach an raibh tionchar ag aon fhadhbanna sláinte pearsanta, fisiciúla nó meabhracha ar fheidhmíocht an dochtúra.

Tar éis measúnú feidhmíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an dochtúir beart a dhéanamh nó plean forbartha gairmiúla a chur i gcrích ag brath ar raon agus scóip na rudaí is gá a fhorbairt. Na bearta feabhsúcháin a sainithníodh, ní mór don CLC a léiriú go bhfuil siad ar fad déanta aige.

De ghnáth bíonn i gceist leis sin freastal ar chúrsaí ar choimeád taifead, ordú cógais agus scileanna cumarsáide, agus iad a chríochnú go sásúil. Baintear feidhm as an bhféinmhachnamh freisin le deis a thabhairt don dochtúir machnamh a dhéanamh ar a ndearna sé agus ar na hathruithe a d'fhéadfadh sé a dhéanamh le nach dtarlódh a leithéid arís.

Is éard is aidhm leis na nósanna imeachta measúnaithe feidhmíochta atá ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná tacú leis an dochtúir sainithint a dhéanamh ar réimsí is gá a fheabhsú ina chleachtadh laethúil, ach an pobal a chur ar a suaimhneas ag an am céanna go bhfuil eolas agus scileanna an dochtúra á gcoinneáil cothrom le dáta.



Is éard is aidhm leis na nósanna imeachta measúnaithe feidhmíochta atá ar fáil do Chomhairle na nDochtúirí Leighis ná tacú leis an dochtúir sainithint a dhéanamh ar réimsí is gá a fheabhsú ina chleachtadh laethúil, ach an pobal a chur ar a suaimhneas ag an am céanna go bhfuil eolas agus scileanna an dochtúra á gcoinneáil cothrom le dáta.

Oideachas, Oiliúint agus Gairmiúlacht

Creidiúnú

Oideachas agus oiliúint fochéime leighis

In 2017 thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt athchreidiúnaithe ar dhá scoil leighis le measúnú a dhéanamh ar thrí chlár oideachais agus oiliúna fochéime leighis san iomlán, eadhon an Clár Iontrála Díri ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG); agus an Clár Iontrála Díri agus an Clár Iontrála do Chéimithe araon i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Oiliúint Intéirneach

Thug torthaí tosaigh an tsuirbhé bhliantúil ar dhochtúirí neamhchomhairleacha ospidéil (DNConna) agus intéirneigh, 'Tá Tábhacht le d'Oiliúint', le fios gur gá tosaíocht a thabhairt do nithe is údar imní maidir le cáilíocht na hoiliúna d'intéirneigh, is í sin an chéad bhliain rithábhachtach de thaithí chliniciúil iarchéime a fhaigheann gach céimí leighis. Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis tús le bunú boird nua darb ainm Bord na nIntéirneach Leighis, ar a bhfuil ionadaithe do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Fóram Comhlachtaí Oiliúna Liachta larchéime na hÉireann, Feidhmeannas Lónra na nIntéirneach, Comhairle Scoileanna Leighis na hÉireann agus an Príomhdhochtúir Neamhchomhairleach Ospidéil Náisiúnta. Cuireadh an Bord le chéile tar éis próiseas comhairliúcháin a raibh gach príomhpháirtí leasmhar páirteach ann. Is éard is cuspóir leis ná caoi sheolta éifeachtach a chur ar rialachas na bliana intéirneachta d'fhonn taithí níos comhsheasmhaí, níos fearr a chur ar fáil d'intéirneigh, rud a mbeidh dochtúirí níos oilte agus torthaí níos fearr d'othair mar thoradh air. Tháinig an Bord le chéile den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus leanfaidh siad orthu in 2018. Tá an Chomhairle an-bhuíoch de FSS as spás a chur ar fáil do na cruinnithe boird, agus as maoiniú agus spás a chur ar fáil d'Aonad Nua na nIntéirneach Leighis, a chuirfidh riarachán agus ceannaireacht atá ag teastáil go géar ar fáil leis an gclár oiliúna d'intéirneigh a reáchtáil agus a fhorbairt.


Sainoiliúint leighis

Ar mholadh Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus tar éis próiseas iomlán creidiúnaithe, d'fhaomh an tAire Sláinte in 2017 na Sainchláir Oiliúna Leighis seo a leanas:

- ▶ Máinliacht Shoithíoch
- ▶ Leigheas Cógaisíochta
- ▶ Cairdeolaíocht Phéidiatraiceach
- ▶ Nua-naíocht
- ▶ Leigheas Geiriathrach
- ▶ Leigheas Riospráide
- ▶ Leigheas Spóirt agus Aclaíochta
- ▶ Leigheas Míleata

Suíomhanna Oiliúna Cliniciúla

Na suíomhanna oiliúna cliniciúla a gcuirtear oiliúint ar intéirneigh agus speisialtóirí iontu, éilítear orthu na caighdeáin arna leagan síos ag Comhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don oiliúint. Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis iniúchadh ar na suíomhanna sin (ospidéil, clinicí, cleachtaí dochtúra teaghlaigh, srl.) lena mheas an bhfuil na caighdeáin á mbaint amach. In 2016 bheartaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis glacadh le cur chuige "réigiúnach" i leith cuairteanna iniúchta ar shuíomhanna oiliúna cliniciúla, grúpaí ospidéal FSS ar dtús, agus tosaíodh ar sceideal 4 bliana de Chuairteanna Iniúchta Réigiúnacha in 2017. Thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt ar Ghrúpa Ospidéal Saolta i mí na Bealtaine agus ar Ghrúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt i mí na Samhna. Rinneadh iniúchadh críochnúil ar 9 suíomh oiliúna cliniciúla san iomlán agus foilseofar na tuairiscí ar na cuairteanna sin faoi lár 2018.





Athbhreithniú seachtrach ar an bpróiseas aitheanta speisialtachtaí

Aithníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis 57 speisiallacht leighis faoi láthair, a chláraítear i Rannán na Speisialtóirí de Chlár na gCleachtóirí Leighis. Tugadh formhór na speisialtachtaí seo ar aghaidh tráth ar cuireadh tús le hAcht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Tá córas sláinte na hÉireann beag go leor nuair a chuirtear i gcomparáid le tíortha forbartha eile é, amhail an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada agus an Astráil. Caithfear cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le speisialtóireacht leighis agus an gá le seirbhísí cuí cúraim sláinte a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Beartaíodh dá bhrí sin, sula n-aithneoidh Comhairle na nDochtúirí Leighis aon speisialtachtaí eile, gur chóir athbhreithniú seachtrach iomlán a dhéanamh ar an bpróiseas aitheanta speisialtachtaí, ag féachaint don dea-chleachtas idirnáisiúnta agus do roghanna malartacha ar aithint speisialtachtaí. Críochnaíodh an t-athbhreithniú sin in 2017 agus rachaidh an Chomhairle i ndáil chomhairle le páirtithe leasmhara ar phróiseas nuabheartaithe go luath in 2018.

Earcú Painéal Measúnóirí Nua

Nuair a dhéanann Comhairle na nDochtúirí Leighis cláir oiliúna leighis fochéime agus iarchéime a chreidiúnú agus nuair a dhéanann iniúchadh ar shuíomhanna oiliúna cliniciúla, cuireann Foireann Measúnóirí ar bun leis an gcreidiúnú/iniúchadh a dhéanamh agus le tuairisc a chur i dtoll a chéile, a fhaomhann an Chomhairle ansin tríd an gCoiste Oideachais, Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla. Tamall de bhlianta ó shin sular earcaíodh Painéal Measúnóirí, d'aithin Comhairle na nDochtúirí Leighis tacar inniúlachtaí is gá do dhuine a bheith aige le bheith ina Mheasúnóir i ndáil le cúrsaí oideachais agus oiliúna Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Reáchtáladh próiseas tairisceana i mblíana le hinfeistíocht a dhéanamh in oiliúint iomchuí do na Measúnóirí sin. Bhí lúcháir ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis 31 measúnóir nua a earcú chun an Phainéil in 2017. Cuirfear tús le hOiliúint na Measúnóirí in 2018 agus tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag tnúth le hoibriú as lámha a chéile leis an bPainéal agus é i mbun creidiúnú agus iniúchadh.

Comhthreoir le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann

Tar éis don Chomhairle ‘Treoir maidir le hIompar Gairmiúil agus Eitic do Chleachtóirí Leighis Cláraithe’ (an 8ú hEagrán, 2016) agus leabhrán dar teideal ‘Ag Obair le do Dhochtúir: Eolas Áisiúil d’Othair’ a sheoladh anuraidh, chuir an Chomhairle agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann comh-mheitheal oibre ar bun le treoir a fhorbairt do dhochtúirí agus do chógaiseoirí/chógaslanna ar réimsí na heitice agus na gairmiúlachta, ar réimsí iad a bhaineann leis an dá ghairm. Is i mí na Samhna i mblíana a seoladh an chéad chomhthreoir dar teideal ‘Cógas a Ordú agus Drugaí Rialaithe a Dháileadh go Slán Sábháilte’, agus déantar plé inti ar na hathruithe a rinneadh ar na mallaibh ar na rialacháin maidir le Drugaí Rialaithe.

Anatamaíocht

Caitheann Comhairle na nDochtúirí Leighis an-dúthracht le tuairisceáin bhliantúla ó áiteanna atá ceadúnaithe don chleachtadh anatamaíochta in Éirinn a iniúchadh, a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú. Coimeádtar bunachar sonraí de dheontóirí anatamaíochta agus rinneadh 110 deonachán do scoileanna leighis in Éirinn le linn 2017. Méadú 12 dheonachán ba ea é sin i gcomparáid le 2016, tráth a ndearnadh 98 deonachán.

Scoil Leighis	Líon na ndeonuithe anatamaíocha	
	2016	2017
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	11	20
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	33	38
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	12	5
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	19	19
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	23	28
Iomlán	98	110

Seirbhísí Corparáideacha

Airgeadas

Le linn Bhliain Airgeadais 2017, d'éirigh leis an bhfoireann Airgeadais uasghrádú ar ghá leis a dhéanamh ar na Bogearraí Cuntasaíochta Airgeadais agus aistriú ó Integra I go Integra II. Cé go raibh an freastalaí bunaithe ar chliant go dtí sin, tá bunaithe anois ar an ngréasán, rud a éascaíonn soghluaisteacht agus éifeachtúlacht bhreise laistigh den fheidhmeannas airgeadais. Cuirfidh sé sin ar chumas na Comhairle eagraíocht inbhuanaithe, ardfheidhmíochta a choinneáil de réir Chuspóir Straitéiseach 6 de Straitéis na Comhairle.

Chuir an fhoireann Airgeadais athruithe i bhfeidhm ar bhealach tráthúil, éifeachtúil le linn 2017 chomh maith mar fhreagairt ar chiorcláin earnála poiblí agus reachtaíocht a bhain le cúrsaí párolla, costais agus idirbhearta airgeadais. Is bearta iad sin a théann chun leasa ár gcuid páirtithe leasmhara.

Acmhainní Daonna

Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe i gComhairle na nDochtúirí Leighis in 2017 tar éis don Roinn Sláinte glacadh le Plean Lucht Saothair a bhí á fhorbairt le roinnt blianta. Lónadh roinnt folúntais thábhachtacha le linn na bliana, agus táthar ag súil go leanfar leis an bpróiseas sna míonna atá amach romhainn.

Agus muid ag díriú ar chúrsaí earcaíochta ní raibh mórán ama fágtha againn le haghaidh tionscadal. Bíodh sin mar atá, lean an fhoireann le rolladh amach an chlár Ceannaireachta agus Forbartha agus rinne athbhreithniú ar an bpróiseas inmheánach tomhaiste feidhmíochta agus forbartha. Tá tús curtha ag an bhfoireann le clár le tabhairt faoin bpleanáil comharbais laistigh den eagraíocht d'fhonn tacú lenár bhfoireann ina ngairm agus, i ndeireadh na dála, an t-eolas agus an saineolas a choinneáil a chuireann ar chumas na heagraíochta beart a dhéanamh de réir a briathair.



Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Ar an drochuair chaill Comhairle na nDochtúirí Leighis ball foirne fadtéarmach, ár gCeannasaí TFC, Jim McDermott, a fuair bás go tobann i mí Eanáir 2017. I gcúrsa a ghairmréime le Comhairle na nDochtúirí Leighis bhí baint aige leis an iliomad réimsí den ghnó agus le tionscadail thábhachtacha a bhain le saoráidí agus TFC, amhail nuair a bogadh an oifig ó Theach Lynn go Teach Kingram sa bhliain 2009. Le blianta beaga anuas bhí sé i gceannas ar an bhfoireann TFC, agus iad ar fad ag obair le tacú leis an gComhairle agus lena treo amach anseo. A chuid cairde agus comhghleacaithe go léir i gComhairle na nDochtúirí Leighis, airíonn siad uathu go mór é.

Tháinig athrú nach beag ar an Rannóg TFC in 2017 sa chaoi gur thosaigh baill foirne nua ag rolladh tionscadail shuntasacha amach ar fud na heagraíochta. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha chun an t-infreastruchtúr TFC a fheabhsú agus leibhéil thar na bearta tacaíochta agus seirbhíse a chinntiú dár gcuid cliant agus páirtithe leasmhara, idir inmheánach agus seachtrach, sna blianta atá amach romhainn.

Tá tús curtha ag an Rannóg TFC le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais TFC agus caidrimh thábhachtacha le soláthraithe tríú páirtí a choinneáil lena chinntiú go mbeidh in ann a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Ina measc sin tá:

- ▶ Ballraíocht in HEAnet
- ▶ Uasghrádú ar ár gcóras teileafóin
- ▶ Gairmeacha ar thairiscintí maidir le seirbhísí suntasacha



Cumarsáid

I rith 2017, ghlac an Chomhairle an deis le dul amach agus aithne phearsanta a chur ar ár gcuid páirtithe leasmhara. D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bill Prasifka ar roinnt imeachtaí, lena n-áirítear Mórchuaireanna ag Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, Mórchuaireanna ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath, agus deis labhartha ag Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge, áit ar labhair sé le grúpaí dochtúirí faoi ról Chomhairle na nDochtúirí Leighis, faoin obair atá ar bun aici, agus faoi na pleananna atá ann don am atá le teacht. Ina theannta sin, chuaigh an fhoireann Cumarsáide amach chuig roinnt imeachtaí eile, le tacaíocht ó Ghrúpa Inmheánach Rannpháirtíochta, lena n-áirítear an Future Health Summit agus Comhdháil na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar.

Tugadh 949,610 cuairt ar láithreán gréasáin Chomhairle na nDochtúirí Leighis in 2017, sin méadú 11% ar líon na gcuaireanna an bhliain roimhe. Gan an leathanach baile a áireamh, ba é “Check the Register” an leathanach is mó éileamh. Tugadh 283,350 cuairt ar leith air, rud is ionann agus méadú 29% i gcomparáid le 2016. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis tar éis cur go mór leis an méid a chuireann suas ar na meáin shóisialta le 12 mhí anuas. Tá níos mó teagmhála lenár spriocphobail ar cheann de na clocha is mó ar phaidrín na foirne Cumarsáide, agus tugann na cainéil éagsúla meán sóisialta deis iontach dóibh idirghníomhú leis na páirtithe leasmhara go léir.

Soláthar agus Saoráidí

Baineadh amach roinnt spriocanna soláthair in 2017, lena n-áirítear Beartas Soláthair nua a chur i bhfeidhm. D'éirigh leis an bhfoireann inmheánach Soláthair 21 conradh nua a dhéanamh agus 17 gconradh a bhí ann cheana a athnuachan, gan trácht ar leas a bhaint as creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais. I measc na seirbhísí agus na soláthairtí sin bhí Bróicéir Árachais, Iniúchadh Inmheánach, Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna, Crua-Earraí agus Bogearraí TF, Lónadóireacht, Athshlánú ó Thubaiste agus Suíomh Fuar, Ollsuirbhé/Taighde, Aistriúchán, Oiliúint agus Innealtóireacht.

Seo a leanas roinnt de na nithe is suntasaí a baineadh amach in 2017 ó thaobh Bainistíocht Saoráidí de:

- Úsáideadh 82,466.49 kWh níos lú ná 2016, rud a d'fhág gur comhlíonadh an sprioc don bhliain 2017 faoi Chlár Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle gan aon stró. Cuireadh a thuilleadh moltaí a d'eascair as clár meantóireachta Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i bhfeidhm in 2017, lena n-áirítear soilse nua LED a chur in ionad na seancheann.
- De bhun Chreat Rialachais Faisnéise na Comhairle, tugadh faoi Iniúchadh Taifead in 2017 trí thagairt do bheartais Bainistíochta Taifead a cuireadh i bhfeidhm in 2017 leis an dea-chleachtas a léiriú.

Rialachas Corparáideach agus an Chomhairle

Is i mí an Mhárta 1992 a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an chéad tacar treoirilínte ar an rialachas corparáideach i gcomhlachtaí Stáit, dar teideal “Treoirilínte do Chomhlachtaí Stáit”. Tugadh na treoirilínte cothrom le dáta i mí Dheireadh Fómhair 2001 agus i mí na Bealtaine 2009. Nuashonraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe arís iad in 2016 le forbairtí nua i saol an rialachais, tionscnaimh athchóirithe don earnáil phoiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a chur san áireamh. Tá Comhairle na nDochtúirí Leighis ag obair lena chinntiú go bhfuil an cód nua á chomhlíonadh aici ó seoladh é agus chuir teimpléad comhlíonta ar fáil don Roinn Sláinte fiú amháin, rud ar thuig an Roinn a luach ar an bpointe agus a scaip i measc na rialtóirí eile atá faoina coimirce.

Thug an fhoireann faoi athbhreithniú ar rialachas na Comhairle agus ar a téarma faoin gCód Cleachtais nua d'fhonn a chinntiú go mbeadh an Chomhairle nua in 2018 in ann leas a bhaint as aon mholtaí agus taithí a thiofadh chun cinn mar gheall ar théarma na Comhairle ó 2013 – 2018. Tá an tuairisc sin le cur amach in 2018.



Saoráil Faisnéise

Fuair Comhairle na nDochtúirí Leighis 50 iarratas um shaoráil faisnéise in 2017, sin méadú 15 iarratas i gcomparáid leis an mbliain 2016. Sa líon sin bhí 23 iarratas pearsanta, 25 iarratas neamhphearsanta, agus bhí 2 iarratas ina meascán d'iarratas pearsanta agus neamhphearsanta.

Cineál Iarratais	2017
Pearsanta	23
Neamhphearsanta	25
Meascán	2

Líon na nIarratas um Shaoráil Faisnéise	2017
Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe	2
Iarratais a fuarthas sa bhliain reatha	50
Cásanna ar freagraíodh dóibh sa bhliain reatha	52
Cásanna fós beo ag deireadh na bliana	0

Stádas na nIarratas	2017
Ceadaithe	10
Ceadaithe go páirteach	17
Diúltaithe	10
Tarraingthe siar/Lasmuigh de SF	14
Aistrithe	1

Thacaigh foireann na Stiúrthóireachta Seirbhísí Corparáideacha leis an gComhairle agus leis na Coistí agus grúpaí seo a leanas ó thús deireadh 2017;

- ▶ An Coiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca
- ▶ An Coiste Ainmniúchán agus Forbartha
- ▶ An Fochoiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
- ▶ An Grúpa Athbhreithnithe ar Bhainistíocht Sócmhainní -> An Grúpa Athbhreithnithe ar Straitéis Réadmhaoine
- ▶ An Grúpa um Chomhionannas agus Éagsúlacht

Dul chun cinn agus sreafaí oibre suntasacha trí na Coistí sin le dea-chleachtas agus dul ar aghaidh a chinntiú i réimsí amhail;

- ▶ Rialú Corparáideach
- ▶ Bainistíocht airgeadais
- ▶ Riosca
- ▶ Athbhreithnithe neamhspleácha, amhail iniúchtaí, tástáil ar phróisis agus infreastruchtúr
- ▶ Oiliúint agus Forbairt
- ▶ Cinnteoireacht straitéiseach



Bainistíocht Riosca

Réamhrá

Is maith is eol do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tábhachtach an rud é glacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith bainistíocht riosca d'fhonn tacú le cuspóirí a bhaint amach agus ceanglais reachtúla agus rialaithe a chomhlíonadh.

Tá an Chomhairle tiomanta dá chinntiú go bhfuil an bhainistíocht riosca ina gnáthchuid den ghnó laethúil, agus go gcuireann bonn eolais faoi phleanáil agus feidhmiú straitéiseach, gnó agus oibríochtúil na heagraíochta.

Caitheann Comhairle na nDochtúirí Leighis an-dúthracht le riosca a bhainistiú go héifeachtach ar bhonn foirmiúil, agus chuige sin, tá sraith céimeanna simplí, soiléire leagtha amach ag an gComhairle le tacú leis na próisis bainistíochta riosca a leanann ar aghaidh, le feasacht ar riosca a fheabhsú, agus le tuiscint a chothú ar an ngá le hé a bhainistiú go comhsheasmhach éifeachtach ar gach uile leibhéal den eagraíocht.

Is éard atá i gceist le bainistíocht riosca ná rioscaí a aithint, a mheas, agus a chur in ord tosaíochta, agus acmhainní a úsáid go comhordaithe cóir ina dhiaidh sin le tionchar teagmhas a rialú nó deiseanna a uasmhéadú.

Tá an creat bainistíochta riosca atá i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis ceaptha le tacú le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí agus iad a bhainistiú ar bhonn leanúnach, agus rinneadh é a fhorbairt trí thagairt don Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016, do Chaighdeán bainistíochta riosca ISO 31000 agus do threoir fhoilsithe eile i ndáil leis an mbainistíocht riosca sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Ról Bhord na Comhairle agus an Choiste: Iniúchóireacht, Straitéis agus Riosca

Is é Bord Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá i gceannas ar inghlacthacht, lamháltas agus bainistíocht riosca, le tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar na tuairiscí ráithiúla ar chlár na rioscaí. Is éard is aidhm le clár na rioscaí ná rioscaí féideartha ábhartha do chomhlíonadh chuspóirí straitéiseacha agus gnó na Comhairle a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú. Cuireann gach rannóg de Chomhairle na nDochtúirí Leighis a clár rioscaí féin i dtoll a chéile, rud a dhéanann an Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí a chomhordú agus a thuairisciú ansin don Choiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca agus do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Tá míniú tugtha anseo thíos ar lamháltas agus inghlacthacht riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá leagtha amach thíos freisin sampla de na príomhrioscaí agus príomh-neamhchinnteachtaí atá ag bagairt ar an gComhairle sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, chomh maith leis na príomhbhearta atá i bhfeidhm lena leithéid de rioscaí a mhaolú. Níl gach uile riosca ná neamhchinnteacht ábhartha sa ráiteas seo. Coinnítear na bearta maolaithe i dtaca leis na rioscaí sin agus tá siad ceaptha le leibhéal réasúnta cosanta, ach ní dearbhchosaint, a thabhairt in aghaidh na dteagmhas atá i gceist.

Inghlacthacht Riosca

Is éard is inghlacthacht riosca ann ná “an méid riosca a bhfuil eagraíocht sásta glacadh leis, cur suas leis, nó a bheith nochta dó ag tráth áirithe”.

Ní mór don Chomhairle Leighis, cosúil le haon eagraíocht eile, glacadh le méid áirithe riosca ina cuid gníomhaíochtaí go léir. Mar eagraíocht leasa phoiblí, áfach, déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis gach uile iarracht riosca a mhaolú a mhéid is féidir. Is é an príomhról atá aici ná leas an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le dochtúirí leighis agus, mar sin, is iondúil gurb é nialas, nó gar dó, an inghlacthacht riosca. Bíodh sin mar atá, tuigeann sí gur gá di bheith toilteanach deiseanna a thapú nuair is fiú an tairbhe an riosca breise lena misean a chomhlíonadh, a ról seirbhíse poiblí a fheabhsú agus toradh níos fearr a bhaint amach dá cuid príomhpháirtithe leasmhara. Toisc go dtuigtear go maith gur féidir rioscaí a theacht chun cinn ar roinnt leibhéal agus bealaí éagsúla, ó chinntí straitéiseacha a ghlacadh go bearta taca a dhéanamh, cuirtear clár rioscaí i dtoll a chéile go rialta le linn na bliana, a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca agus na Comhairle.

Tá roinnt ráiteas leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis d'fhonn cur síos a dhéanamh ar an méid riosca atá inghlactha sna catagóirí riosca seo a leanas:

Catagóir	Measúnacht	Treoir-ráitis maidir le hInghlacthacht Riosca
Straitéiseach	Meánleibhéal Riosca Inghlactha	Is é príomhról na Comhairle ná leas an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le dochtúirí leighis. Chuige sin, is iad seo a leanas na príomhróil atá aici: ▶ cáilíocht an oideachais fochéime a fhaigheann dochtúirí a dhearbhu ▶ cáilíocht an oideachais iarchéime a fhaigheann speisialtóirí a dhearbhu ▶ clárú dochtúirí ▶ imeachtaí smachta ▶ treoir ar chaighdeán ghairmiúla / iompar eiticiúil ▶ inniúlacht ghairmiúil Tapóidh an Chomhairle deiseanna nuair a mheastar gur fiú na tairbhí féideartha eacnamaíocha agus sochaíocha an leibhéil níos airde bunriosca. Is gnách nach mbíonn sí sásta glacadh ach le leibhéal íseal riosca i ndáil le cinntí nua straitéiseacha agus beartais, de bharr go bhfuil ról ríthábhachtach leasa phoiblí aici. I gcásanna áirithe, áfach, nuair a mheastar go bhfuil athrú nó dul chun cinn forásach ag teastáil, glacfar le meánleibhéal riosca. Aon bhearta den sórt sin, bíonn ar an lucht ardbhainistíochta agus ar an gComhairle iad a fhaomhadh tar éis breathnú go mion orthu. Ina leithéid de chásanna déanfaidh an eagraíocht gach uile iarracht na bunrioscaí a bhaineann le feidhmiú na gcinntí sin a mhaolú a mhéid is féidir.
Airgeadas agus Maoiniú	Meánleibhéal Riosca Inghlactha	Bíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis maoinithe beagnach go hiomlán ag na híocaíochtaí bliantúla a fhaigheann ó dhochtúirí cláraithe; ní fhaigheann sí pingin rua ón Rialtas ná ó fhoinsí eile. Mar sin, tá na socrúithe maoinithe seasmhach a bheag nó a mhór, rud a chuireann ar a cumas roinnt pleanáil straitéiseach fhadtréimhseach a dhéanamh. Tá an inghlacthacht riosca sa réimse seo ag teacht leis an inghlacthacht riosca straitéiseach, agus tá leibhéal íseal go meánleibhéal riosca inghlactha go ginearálta. Coinneoidh an Chomhairle na hardchaighdeán maoirseachta airgeadais atá aici agus leanfaidh uirthi ag cinntiú nach sáraíonn ceangaltais airgeadais na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Tá leibhéal íseal riosca inghlactha i ndáil le maoirseacht airgeadais.
Cáil	Meánleibhéal Riosca Inghlactha	Mar gheall gurb é príomhról na Comhairle leas an phobail a chosaint agus iad ag déileáil le dochtúirí leighis, is tábhachtach an rud é go mbíonn muinín ag an bpobal sin go bhfuil a cuid gníomhaíochtaí agus próiseas i gceart agus i gcóir, agus go dtuigtear go forleathan go mbaineann sí amach torthaí follasacha dá cuid páirtithe leasmhara go léir. Níl ach leibhéal íseal riosca inghlactha i ndáil le teipeanna féideartha sa réimse seo. Is eol do Chomhairle na nDochtúirí Leighis go mbíonn uirthi a dualgas ríthábhachtach poiblí a choinneáil i gcuimhne i gcónaí, ach go bhféadfaidh sé go mbeidh uirthi tionscnaimh a chur chun cinn nó seasamh a ghlacadh nach bhfuil gnaoi an phobail orthu i gcásanna áirithe nuair a mheasfar is cuí déanamh amhlaidh leis an bpobal a chosaint. Is iondúil go mbíonn meánleibhéal riosca inghlactha sa réimse seo.
Oibríochtúil	Leibhéal Íseal Riosca Inghlactha	Áirítear le riosca oibríochtúil bainistíocht a príomhról mar atá mínithe thuas, mar aon le bainistíocht na bhfeidhmeanna tacaíochta ar fad a chuireann ar a cumas a príomhról a chomhlíonadh. Tá creat cuimsitheach, dian curtha le chéile ag an gComhairle, a bhfuil beartais agus nósanna imeachta ann le tacú leis an mbainistíocht oibríochtúil, agus dá bhrí sin is iondúil nach mbíonn ach leibhéal íseal riosca inghlactha sa réimse seo.
Comhlíonadh	Níl Aon Riosca Inghlactha	Tugann an Chomhairle sainmhíniú ar bheartais agus nósanna imeachta le tacú lena ceanglais dlí agus chomhlíonta. Teastaíonn ón gComhairle comhlíonadh iomlán, agus seachnóidh sí aon riosca nó neamhchinnteacht sa réimse seo. Mar sin, is gnách nach mbíonn aon riosca inghlactha ó thaobh comhlíonadh de.

LÉARGAS AR PHRÍOMHRIOSCAÍ AMHAIL MÍ NA SAMHNA 2017

Tugtar tuairiscí rialta don Choiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca agus don Chomhairle ar na príomhrioscaí atá ag bagairt ar na heagraíochtaí. Tá achoimre thíos ar roinnt de na príomhrioscaí sin amhail mí na Samhna 2017:

► Pearsanra / Pleanáil Lucht Saothair

Toisc nach rabhthas in ann folúntais a líonadh gan cead a fháil ón Roinn, cailleadh scileanna agus méadaíodh an t-ualach oibre ar an bhfoireann a bhí fágtha san eagraíocht. Is iomaí dúshlán a chuir sé sin romhainn i roinnt réimsí agus chuir isteach freisin ar éifeachtúlacht oibríochtaí in 2017.

Impleachtaí do 2018 – Tá sé rithabhachtach go líonfaí gach folúntas i bpost a luaith ab fhéidir in 2018 d'fhonn éifeachtúlacht a chinntiú san eagraíocht agus cur in aghaidh margadh fostaíochta atá ag teacht i dtreis. Ina theannta sin, leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Sláinte le cur chuige níos inbhuanaithe a fhorbairt i leith pleanáil daonchumhachta.

► Comhlíonadh Dlí agus Rialála / Forbairtí ó Thaobh Reachtaíochta de

Impleachtaí do 2018 – Déanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis iarracht oibriú go dlúth leis an Roinn Sláinte in 2018 le bonn eolais a chur faoi fhorbairtí ó thaobh reachtaíochta de agus athruithe a lorg má chreideann go mbeadh athruithe den sórt sin chun leasa na n-othar agus na ndochtúirí.

► Airgeadas

Tá neamhchosaint ar Dhliteanais Phinsin shuntasacha, a bheidh ina cúis le dúshlán fhadtréimhseacha ó thaobh maoiniú de, aitheanta mar mhír bhuan riosca ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Cé nach í an Chomhairle an t-aon eagraíocht a chaithfidh an dúshlán seo a sháru, táimid ag lorg soiléiriú agus tacaíochta ó na ranna rialtais ábhartha maidir leis an gcaoi is fearr a mbeimis in ann na ceangail sin a chomhlíonadh.

► Gearáin agus Feidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tá córais láimhseála gearán Chomhairle na nDochtúirí Leighis ceaptha le dul i ngleic le nithe is údar imní faoi fheidhmiúlacht dochtúirí chun cleachtadh d'fhonn an pobal a chosaint ar an mbealach is fearr. Ní mór do na córais feidhmiú de réir creat dian reachtaíochta agus féadtar agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh na gcinntí. Braitear ar dhaoine eile, ní hamháin chun fadhbanna féideartha faoi fheidhmiúlacht dochtúirí chun cleachtadh a chur ar a súile do Chomhairle na nDochtúirí Leighis, ach chun cabhrú agus tacú leis an oifig seo gearáin agus ceisteanna a fhiosrú agus a mheas go héifeachtúil freisin. Bíonn riosca leanúnach ann dá bhrí sin nach mbeadh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an láneolas, nó nach bhféadfadh beart a dhéanamh ná ábhar a fhiosrú chomh gasta agus ba mhian léi.

Impleachtaí do 2018 – Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis de bheith i dteagmháil le fostóirí, ospidéal agus comhghleacaithe laistigh den chóras sláinte le go rachfar i ngleic le nithe is údar imní faoi dhochtúirí ar an leibhéal cuí den chóras sláinte, agus le go bhféadfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis leanúint de bhuntáiste a bhaint as comhoibriú agus éifeachtúlacht ó gach páirtí agus ábhar á fhiosrú aici. Cuirfear leasuithe reachtaíochta molta chun cinn leis an Roinn Sláinte, ag féachaint lena chinntiú go mbeidh an creat dlí atá mar bhonn agus mar thaca ag na córais láimhseála gearán chomh láidir agus is féidir.

► Forbairt Ghairmiúil agus Cleachtadh


Tá an riosca ann go dteipfeadh orainn iarratais chlárúcháin a phróiseáil go tráthúil mar thoradh ar neamhréireacht idir líon na n-iarratas a fhaightear agus na hacmhainní atá ann chun na hiarratais sin a phróiseáil, rud a bheadh ina chúis le riaráiste.

Impleachtaí do 2018 - Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis uirthi ag déanamh athbhreithniú ar a cuid próiseas agus ag cur caoi sheolta éifeachtach orthu d'fhonn an baol go gcuirí moill ar phróiseáil iarratas a mhaolú. Tá an riosca ann go ndéanfaí dochar do cháil Chomhairle na nDochtúirí Leighis dá dteipfeadh uirthi measúnú feidhmíochta a úsáid go héifeachtach éifeachtúil.


Impleachtaí do 2018 – Leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis d'úsáid an mheasúnaithe feidhmíochta a athbhreithniú agus a bheachtú lena chinntiú go n-úsáidfear ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, comhréireach é.

Is maith is eol do Chomhairle na nDochtúirí Leighis gur tábhachtach an rud é glacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith bainistíocht riosca d'fhonn tacú le cuspóirí a bhaint amach agus ceanglais reachtúla agus rialaithe a chomhlíonadh.

Catagóiríú na Rioscaí Uile ar an gClár, Samhain 2017



Catagóiríú na Rioscaí de réir Rangú, Samhain 2017



64 Mír san Iomlán ar Chlár Rioscaí 2017

Ráitis Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle agus Eolas Eile	26
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle	27
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	36
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	38
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	40
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	41
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	42
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	43
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	44

Comhaltaí na Comhairle agus Eolas Eile

An tUachtarán	An tOll. Freddie Wood																											
An Leasuachtarán	An Dr. Audrey Dillon – D’éirigh as an 15 Bealtaine 2017 An Dr. Anthony Breslin – D’éirigh as an 15 Bealtaine 2017																											
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	William Prasifka																											
An Chomhairle	<table><tr><td>An tOll. Freddie Wood</td><td>Seán Hurley</td></tr><tr><td>An Dr. Audrey Dillon</td><td>An tOll. Alan Johnson</td></tr><tr><td>An Dr. Anthony Breslin</td><td>Marie Kehoe-O’Sullivan – D’éirigh as an 29 Márta 2017</td></tr><tr><td>An Dr. John Barragry</td><td>An tOll. Mary Leader</td></tr><tr><td>Katharine Bulbulia</td><td>Margaret Murphy</td></tr><tr><td>Declan Carey – D’éirigh as an 29 Márta 2017</td><td>John Nisbet</td></tr><tr><td>Anne Carrigy</td><td>An tOll. Colm O’Herlihy</td></tr><tr><td>An Dr. Seán Curran</td><td>An Dr. Michael Ryan</td></tr><tr><td>An Dr. Rita Doyle</td><td>Cornelia Stuart</td></tr><tr><td>Mary Duff</td><td>An Dr. Bairbre Golden</td></tr><tr><td>An tOll. Fidelma Dunne</td><td>Fergus Clancy</td></tr><tr><td>An Dr. Ruairí Hanley</td><td>Catherine McKenna – Ceapadh an 3 Deireadh Fómhair 2017</td></tr><tr><td>Tom O’Higgins</td><td>Vicky Blomfield – Ceapadh an 4 Bealtaine 2017</td></tr></table> Thosaigh téarma oifige reatha Chomhairle na nDochtúirí Leighis an 1 Meitheamh 2013, tráth a ndeachaigh an 8ú Comhairle i mbun oifige.		An tOll. Freddie Wood	Seán Hurley	An Dr. Audrey Dillon	An tOll. Alan Johnson	An Dr. Anthony Breslin	Marie Kehoe-O’Sullivan – D’éirigh as an 29 Márta 2017	An Dr. John Barragry	An tOll. Mary Leader	Katharine Bulbulia	Margaret Murphy	Declan Carey – D’éirigh as an 29 Márta 2017	John Nisbet	Anne Carrigy	An tOll. Colm O’Herlihy	An Dr. Seán Curran	An Dr. Michael Ryan	An Dr. Rita Doyle	Cornelia Stuart	Mary Duff	An Dr. Bairbre Golden	An tOll. Fidelma Dunne	Fergus Clancy	An Dr. Ruairí Hanley	Catherine McKenna – Ceapadh an 3 Deireadh Fómhair 2017	Tom O’Higgins	Vicky Blomfield – Ceapadh an 4 Bealtaine 2017
An tOll. Freddie Wood	Seán Hurley																											
An Dr. Audrey Dillon	An tOll. Alan Johnson																											
An Dr. Anthony Breslin	Marie Kehoe-O’Sullivan – D’éirigh as an 29 Márta 2017																											
An Dr. John Barragry	An tOll. Mary Leader																											
Katharine Bulbulia	Margaret Murphy																											
Declan Carey – D’éirigh as an 29 Márta 2017	John Nisbet																											
Anne Carrigy	An tOll. Colm O’Herlihy																											
An Dr. Seán Curran	An Dr. Michael Ryan																											
An Dr. Rita Doyle	Cornelia Stuart																											
Mary Duff	An Dr. Bairbre Golden																											
An tOll. Fidelma Dunne	Fergus Clancy																											
An Dr. Ruairí Hanley	Catherine McKenna – Ceapadh an 3 Deireadh Fómhair 2017																											
Tom O’Higgins	Vicky Blomfield – Ceapadh an 4 Bealtaine 2017																											
Oifigí	Teach Kingram Plás Kingram Baile Átha Cliath 2																											
Iniúcháirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sraid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1																											
Baincéirí	Banc na hÉireann Bóthar Ráth Maonais Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6																											
Aturnaetha	McDowell Purcell Foirgneamh Chéipil Mainistir Mhuire Baile Átha Cliath 7																											

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle

Rialachas

Cuireadh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar bun faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna leasú in 2007). Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt 7 den Acht sin. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Sláinte agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sí an fheidhm sin ach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an lucht ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó lá go lá. Ní mór don POF agus don lucht ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Chomhairle, agus caithfidh siad a chinntiú, leis, go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí na Comhairle ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha is dócha a eascroidh. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach saothar agus freagrachtaí na Comhairle sa Chreat Rialachais agus na Téarmaí Tagartha, chomh maith leis na hábhair nach féidir ach leis an gComhairle cinneadh a dhéanamh orthu. I measc na mbuanmhíreanna a ndéanann an Chomhairle plé leo tá:

- ▶ dearbhú leasanna,
- ▶ tuairiscí ó choistí,
- ▶ ráitis airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- ▶ tuairiscí feidhmíochta, agus
- ▶ ábhair fhorchoimeáda.

Éilítear ar an gComhairle le hAlt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaightear nó a chaitear a choinneáil i cibé foirm a ordóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú ag an gComhairle, éilítear uirthi:

- ▶ beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach
- ▶ breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá idir réasúnta agus stuama
- ▶ ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura meastar iomchuí é glacadh leis go leanfaidh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar aghaidh ag feidhmiú
- ▶ A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid imleora chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Bíonn an Chomhairle freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle na nDochtúirí Leighis trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil i mí an Mhárta 2018.

Tá de fhreagracht ar an gComhairle chomh maith sócmhainní Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chosaint agus, dá réir sin, céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

Tá an Chomhairle den tuairim go dtugtar i ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis amhail an 31 Nollaig 2017.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Struchtúr na Comhairle

Tá an Chomhairle comhdhéanta d'Uachtarán, Leasuachtarán agus 23 gnáth-chomhalta, gach duine acu atá ceaptha ag an Aire Sláinte. Ceapadh comhaltaí na Comhairle ar feadh tréimhse cúig bliana agus tháinig siad le chéile gach dhá mhí. Tá sa tábla thíos sonraí ar an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Comhairle	Ról	Ceaptha	Éirthe As
An tOll. Freddie Wood	An tUachtarán	01/06/2013	
An Dr. Audrey Dillon	An Leasuachtarán go dtí an 15/05/2017	01/06/2013	
An Dr. Anthony Breslin	An Leasuachtarán ón 15/05/2017	01/06/2013	
An Dr. John Barragry	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Katharine Bulbulia	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Declan Carey	Gnáthchomhalta	01/06/2013	29/03/2017
Anne Carrigy	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An Dr. Seán Curran	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An Dr. Rita Doyle	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Mary Duff	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An tOll. Fidelma Dunne	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An Dr. Ruairí Hanley	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Tom O'Higgins	Gnáthchomhalta	28/10/2015	
Seán Hurley	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An tOll. Alan Johnson	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Marie Kehoe-O'Sullivan	Gnáthchomhalta	01/06/2013	29/03/2017
An tOll. Mary Leader	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Margaret Murphy	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
John Lahart	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An tOll. Colm O'Herlihy	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Cornelia Stuart	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
An Dr. Bairbre Golden	Gnáthchomhalta	01/06/2013	
Fergus Clancy	Gnáthchomhalta	15/09/2015	
Catherine McKenna	Gnáthchomhalta	03/10/2017	
Vicky Blomfield	Gnáthchomhalta	04/05/2017	

Chuir Comhairle na nDochtúirí Leighis tús le hathbheithniú seachtrach ar éifeachtacht agus rialachas na Comhairle i mí na Samhna 2017, rud a chuirfear i gcrích i mí na Bealtaine 2018.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Tá 10 gCoiste curtha ar bun ag an mBord, eadhon:

1. An Coiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca

Faoi chathaoirleacht an Uas. Seán Hurley, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta, Straitéise agus Riosca monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais, déanfaidh athbhreithniú ar na córais inmheánacha rialaithe agus bainistíochta riosca, agus beidh i gceannas freisin ar fhorbairt straitéiseach Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Tá ochtar comhaltaí comhairle ar an gCoiste, chomh maith le beirt chomhaltaí seachtracha. Tionóladh 6 chruinniú den Choiste in 2017.

2. An Coiste Réamhimeachtaí

Tá an Coiste Réamhimeachtaí curtha ar bun faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 le breathnú ar ghearáin ar an gcéad dul síos agus is í Anne Carrigy an cathaoirleach.

Tá seisear comhaltaí comhairle ar an gCoiste, chomh maith le deichniúr comhaltaí seachtracha. Tionóladh 11 chruinniú den Choiste in 2017.

3. An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Tá an Coiste Réamhimeachtaí curtha ar bun faoi Alt 20(2) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 le fiosrúcháin a reáchtáil ar ghearáin agus is é an Dr. Michael Ryan a dhéanann cathaoirleacht air.

Éistean “Painéal” um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh leis na fiosrúcháin, a bhíonn comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh, beirt chomhaltaí neamhleighis agus dochtúir amháin. Caithfidh Cathaoirleach an Phainéil Fiosrúcháin a bheith ina chomhalta de Chomhairle na nDochtúirí Leighis agus is eisean atá freagrach as a chinntiú go ndéantar an fiosrúchán de réir nósanna imeachta cothroma.

4. An Coiste Clárúcháin agus Cleachtaidh Leantaigh

Ar phríomhghné de ról na Comhairle tá coinneáil chlár na gcleachtóirí leighis, rud nach mór do dhochtúirí a bheith air le leigheas a chleachtadh in Éirinn. Faoi chathaoirleacht an Dr. Anthony Breslin, cuireann an Coiste Clárúcháin agus Cleachtaidh Leantaigh comhairle ar an gComhairle maidir leis na beartais agus creataí reachtúla lena rialaítear iontráil ar an gclár agus clárúcháin leantach dochtúirí. Tá cúigear comhaltaí comhairle ar an gCoiste, chomh maith le seachtar comhaltaí seachtracha. Tionóladh 8 chruinniú den Choiste in 2017.

5. An Coiste Oideachais, Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla

Déanann an Coiste Oideachais, Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla maoirseacht ar riachtanais oiliúna dochtúirí fochéime agus ar riachtanais oideachais dochtúirí atá cláraithe cheana. Is é an Dr. Colm O'Herlihy cathaoirleach an Choiste Oideachais, Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla. Tá seisear comhaltaí comhairle ar an gCoiste, chomh maith le ceathrar comhaltaí seachtracha. Tionóladh 7 chruinniú den Choiste in 2017.

6. An Coiste Eitice agus Gairmiúlachta

Tá an Coiste Eitice agus Gairmiúlachta curtha ar bun le tacú le saothar na Comhairle ar son tacú leis an ngairm cloí leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta leighis. Is í an Dr. Audrey Dillon a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. Tá ochtar comhaltaí comhairle ar an gCoiste, chomh maith le triúr comhaltaí seachtracha. Tionóladh 4 chruinniú den Choiste in 2017.

7. An Coiste Ainmniúchán agus Forbartha

Is é an tUachtarán, an tOll. Freddie Wood, atá ina chathaoirleach ar Choiste Ainmniúchán agus Forbartha na Comhairle, a chuireann comhairle ar an gComhairle faoin bpróiseas ainmniúcháin i ndáil le ceapacháin chun coistí agus faoi ionductú, oiliúint agus forbairt a chur ar fáil do chomhaltaí. Tá ceathrar comhaltaí comhairle ar an gCoiste. Tionóladh 6 chruinniú den Choiste in 2017.

8. An Coiste Sláinte

Tá an Coiste seo curtha ar bun faoi Alt 20(4) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 “le cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shannfaidh an Chomhairle le tacú le:

(a) cleachtóirí leighis faoi mhíchumas liachta iomchuí, agus

(b) cleachtóirí leighis a mbeidh toilithe faoi alt 67(1)(c) tugtha acu”.

Is í an Dr. Rita Doyle a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Sláinte, a bhfuil beirt chomhaltaí comhairle (duine acu an cathaoirleach) air, chomh maith le deichniúr comhaltaí seachtracha. Tionóladh 7 lánchruinniú den Choiste Sláinte in 2017, ag ar cuireadh tuairiscí ó 64 seisiún athbhreithnithe faoi chaibidil. Chuir an Coiste Sláinte 48 tráthnóna i leataobh le seisiúin athbhreithnithe a reáchtáil do na cleachtóirí siúd a raibh tacaíocht uathu.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

9. An Coiste Monatóireachta

Déanann an Coiste Monatóireachta maoirseacht ar cibé acu an gcomhlíonann cleachtóirí leighis cláraithe na coinníollacha a chuirtear ag gabháil lena gclárúchán de bhun ailt 53(3) agus/nó 71(c) d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2017.

Cuireann an Coiste banc coinníollacha le chéile agus déanann athbhreithniú air le cabhrú leis an gCoiste um Feidhmiúlacht chun Cleachtadh agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis agus iad ag cur coinníollacha ag gabháil le clárúchán cleachtóra leighis chláraithe. Is é an Dr. Ruairi Hanley a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. Tá aon chomhalta comhairle amháin ar an gCoiste, chomh maith le seachtar comhaltaí seachtracha. Tionóladh 10 gcruinniú den Choiste Monatóireachta in 2017.

10. An Coiste um Ghearáin Gan Ainm

Tá sé de chumhacht ag an gCoiste um Ghearáin Gan Ainm moladh a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir gearáin gan ainm a chur faoi bhráid na Comhairle le go bhféadfadh an Chomhairle machnamh a dhéanamh ar a bheith ina gearánach don ghearán. Tá triúr comhaltaí comhairle ar an gCoiste.

Tá sceidil de chomhaltaí na gCoistí, na bhfochoistí agus na ngrúpaí athbhreithnithe uile leagtha amach in aguisín atá ag gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Sceideal an Tinrimh, na dtÁillí agus na Speansas

Tá sceideal den fhreastal ar chruinnithe na Comhairle agus na gCoistí in 2017 leagtha amach in aguisín atá ag gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil, agus tá leagtha amach anseo thíos na táillí agus na costais a fuair gach ball:

Comhalta Comhairle	Liúntas 2017	Speansais 2017
J Barragry	7,696	408
K Bulbulia	7,696	6,255
A Carrigy	7,696	708
R Doyle	7,696	-
B Golden	7,696	-
R Hanley	7,696	958
S Hurley	7,696	931
A Johnson	7,696	-
M Murphy	7,696	199
C O'Herlihy	7,696	-
M Duff	7,696	2,085
M Ryan	7,696	157
T O'Higgins	7,696	286
D Carey	641	40
A Dillon	7,696	1,177
F Wood	11,970	-
F Clancy	7,696	-
V Blomfield	-	75
A Breslin	-	6,634
S Curran	-	122
F Dunne	-	859
M Kehoe O'Sullivan	-	796
M Leader	-	179
J Nisbet	-	160
C Stuart	-	-
C Walsh	-	-
	128,051	22,029

Bhí naonúr comhaltaí Comhairle ann in 2017 nach bhfuair liúntas ón gComhairle faoin bprionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin”, mar atá liostaithe thuas.

Mar rialálaí náisiúnta, tagann comhaltaí de Chomhairle na nDochtúirí Leighis ó chian agus ó chóngar le freastal ar chruinnithe. Tá an liúntas Taistil agus Cothabhála a fhaigheann comhaltaí Comhairle agus Coiste i gcomhréir dhíreach le suíomh geografach an duine aonair sin. Fónann roinnt de na comhaltaí coiste ar níos mó ná coiste amháin. Tá leagtha amach anseo thíos iomlán na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí coiste in 2017.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Ball Coiste	Liúntas 2017	Speansais 2017
T McWade	5,700	-
S McGovern	3,300	-
M Culliton	13,100	2,541
E Breatnach	1,700	-
D Woods	-	582
J Casey	9,000	-
A Ní Riain	11,400	3,471
A Bulbulia	6,600	1,225
D O'Donoghue	2,700	-
A McNamara	2,100	-
M McGloin	2,400	1,719
W O'Connell	2,100	-
PF O'Carroll	2,100	2,873
J Duignan	7,200	401
A Jeffers	2,100	195
K Beggan	2,100	-
A Quinlan	2,400	173
C McNicholas	4,500	-
R Anderson	5,100	429
V Larkin	3,900	1,727
J Lucey	2,700	-
Mark Murphy	4,200	-
F Magee	2,100	-
J Jenkins	3,000	1,143
S McDonagh	1,200	-
A Clarke	-	2,631
A Cunningham	1,500	1,656
J Halley	300	-
T Clarke	1,200	-
J Hennessy	300	-
L Fletcher	600	152
L Costello	6,100	42
M Rhodes	-	10,014
S Jones	3,000	-
A O'Reilly	5,000	-
D Mulcahy	4,000	2,891
P Van Dessel	4,000	-
AM Harney	5,500	5,049
D Quinlan	2,500	3,715
E Ryan	-	302

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Ball Coiste	Liúntas 2017	Speansais 2017
W Jeffers	8,500	-
N Macey	1,200	256
M Houston	-	906
S O'Flynn	-	180
D Ashe	600	-
P McAvoy	-	2,060
P Gueret	2,000	-
P Lee	500	-
R Ryan	2,000	-
D O'Hare	500	-
J Tattan-Dennis	2,500	-
M Henry	5,000	-
C Earley	4,500	-
T O'Neill	3,000	-
B Healy	16,000	627
Meg Murphy	1,500	162
S Kealy	3,000	-
M Brophy	1,500	-
G Corrigan	500	-
T Ewing	7,500	-
A Durkan	1,000	-
M Pine	3,000	-
D Morgan	500	145
G Feeney	500	228
P Murphy	1,000	-
P Hamill	300	-
	203,300	47,495

Príomhathruithe ar Phearsanra

D'éirigh beirt bhall den Chomhairle as i gcaitheamh na bliana. De réir Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, cheap an tAire Sláinte beirt bhall nua.

Ceapadh an Ceannasaí Airgeadais, Deirdre Foley, le héifeacht ón 10 Iúil 2017, tráth ar tugadh an post chun rialtacha i ndiaidh don Roinn Sláinte é sin a cheadú.

Nochtuithe a Éilítear leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Comhairle na nDochtúirí Leighis riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Miondealú ar Thuarastal na bhFostaithe

Déantar tuarastail ar mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bannaí seo a leanas:

Raon shochar iomlán an fhostaí	Líon na bhFostaithe	
	2017	2016
Ó Go Dtí		
€60,000 - €69,999	6	5
€70,000 - €79,999	2	2
€80,000 - €89,999	3	3
€90,000 - €99,999	2	2
€100,000 - €109,999	1	0
€110,000 - €119,999	1	1

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhí ar chomhairle sheachtrach a fuarthas don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna gnó a dhéantar a sheachfhoinsiú.

	2017 €	2016 €
Sainchomhairleoireacht Ghnó	374,098	175,311
Táillí Cumarsáide	44,477	44,280
Táillí Sainchomhairleoireachta TF	16,900	4,551
Sainchomhairleoireacht Díl	254,878	75,063
Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta	690,353	299,205

Costais agus Socruithe Díl

Tá sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe a bhain le costais díl.

	2017 €	2016 €
Costais Díl		
Táillí dlíthiúla agus gairmiúla	172,183	335,462
Cuid V (a) Fiosrúcháin	2,348,462	3,210,122
Cuid V (b) Imeachtaí san Ard-Chúirt/sa Chúirt Uachtarach	399,012	42,144
Iomlán	2,919,657	3,587,728

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí na Comhairle (ar lean)

Caiteachas ar Fháilteachas

Tá san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2017 €	2016 €
Fáilteachas foirne	4,783	6,283
Fáilteachas coistí	1,042	793
Iomlán	5,825	7,076

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá an caiteachas taistil agus cothabhála catagóirithe mar seo a leanas

	2017 €	2016 €
Foireann - In Éirinn	12,805	14,396
Foireann - Idirnáisiúnta	14,732	29,248
Príomhghnó	125,202	146,088
Iomlán	152,739	189,732

Áirítear le costais phríomhghnó costais taistil agus cothabhála i gcomhair comhaltaí Comhairle, chomh maith le finnéithe agus gearánaigh.

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici le comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Comhairle na nDochtúirí Leighis an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán in 2017.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle an 17 Bealtaine 2018 agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Anthony Breslin
Leasuachtarán



An tUas. William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna dhátú: An 17 Bealtaine 2018

Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

Scóip Freagrachta

Aithnímhse thar ceann na Comhairle go bhfuil de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á fheidhmiú. Tá san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le riosca a bhainistiú le go mbeidh sé réasúnta, seachas fáil réidh leis go hiomlán. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí nó go ndéanfaí iad a fhionnadh in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gComhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais, seachas na mionlaigí rialaithe inmheánaigh a leagadh amach san iniúchadh inmheánach a rinneadh ar rialuithe i mí na Nollag 2017 agus na sárúithe soláthair atá luaite anseo thíos.

Cumas chun Déileáil le Riosca

Tá Choiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, atá comhdhéanta d'ochtair comhaltáí Comhairle agus beirt chomhaltáí seachtracha, duine acu a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste. Fuarthas cead in 2017 ón gCoiste Ainmniúchán agus Forbartha comhalta seachtrach breise a bhfuil saineolas aige sa TF a cheapadh chun an Choiste. Déanfar an ceapachán sin in 2018. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca le chéile 6 huaire in 2017.

D'fhostaigh an Chomhairle gairmithe seachtracha le seirbhísí iniúchta inmheánaigh a chur ar fáil di.

In 2017 bhí idir BDO agus Deloitte páirteach i gclár oibre a dhéanamh a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca.

Tháinig deireadh leis an gconradh le BDO i mí Aibreáin 2017. Tar éis próiseas oscailte tairisceana, ceapadh Deloitte go ceann téarma ceithre bliana.

Tá beartas bainistíochta riosca curtha le chéile ag an gCoiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca, ina leagtar amach na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ról agus freagrachtaí na foirne ó thaobh riosca de.

Eisítear an beartas do gach uile bhall foirne, a chaithfidh oibriú de réir bheartais bainistíochta riosca Chomhairle na nDochtúirí Leighis, foláireamh a thabhairt don lucht bainistíochta faoi aon riosca atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú, agus glacadh le freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, faoina ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, leis hiad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, ina ndéantar sainaithint ar na príomhrioscaí atá ag bagairt ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis, agus déantar iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú ag brath ar a shuntasáil atá siad. Déanann an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach trí mhí. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar gach uile riosca inghlactha.

Tugtar sonraí i gclár na rioscaí ar na rialuithe agus bearta is gá le rioscaí a mhaolú agus ar na baill foirne ar leith atá freagrach as a leithéid de rialuithe a fheidhmiú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, a fhágann:

- ▶ go bhfuil doiciméadú déanta ar gach príomhnós imeachta gnó;
- ▶ go bhfuil freagrachtaí airgeadais leagtha ar an lucht bainistíochta, agus iad cuntasacht ina leith freisin;
- ▶ go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann, a chuimsíonn buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é;
- ▶ go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- ▶ go bhfuil córais ann le sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta, agus don Chomhairle, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- ▶ tá sainaithint déanta ar na príomhrioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus le haon easnaimh a thuairisciú;
- ▶ tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta dó; agus
- ▶ déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Aithníodh mionlaigí sa rialú inmheánach don bhliain 2017 agus tá an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca ag dul i ngleic leo i gcomhar leis an bhfoireann feidhmiúcháin. Is ar cheannasaí an rannáin chuí atá an fhreagracht as gach moladh iniúchta a chur i bhfeidhm.

Socraítear spriocdháta faoina gcaithfidh an moladh a bheith curtha i bhfeidhm. Déantar Rianaire na Moltaí Iniúchta a nuashonrú agus cuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta, Straitéise agus riosca é ag gach cruinniú. Déanann an Fhoireann Airgeadais maoirseacht ar na céimeanna a ghluactar leis an moladh a chur i bhfeidhm agus tuairiscíonn dúnadh an mholta iniúchta don Choiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Leighis lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. I mí Aibreáin 2016, tar éis do Chomhairle na nDochtúirí Leighis deireadh a chuir le hamhras go raibh de cheart aici rochtain ar shocruithe soláthair earála poiblí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), cuireadh tús le plé ar ghairm ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí dlí i bhfad sula raibh an Conradh dlí le dul in éag i mí Aibreáin 2017. Bhí moill shuntasach ar chreat cuí a fhorbairt mar gheall ar a chasta a bhí na riachtanais ar leith agus ar an tionchar leathan a bheadh aige.

Fad is a bhí an Oifig um Sholáthar Rialtais ag iarraidh an creat a thabhairt chun críche agus idirbheartaíocht ar bun ar an bpróiseas tairisceana is oiriúnaí, cuireadh síneadh ama 6 mhí leis an gconradh dlí a bhí ann cheana dhá uair. Ba é €122,896 an caiteachas dlí (gan CBL a áireamh) ar chásanna nua a d'eascair idir mí Aibreáin agus mí na Nollag 2017. Ní raibh aon tionchar diúltach ag an gcaiteachas sin ar chumas na Comhairle chun luach a fháil ar a cuid airgid.

Tar éis próiseas forleathan athbhreithnithe agus comhairliúcháin, críochnaíodh an obair ar chreat agus sonraíocht shaincheaptha, a d'aontaigh Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an Oifig um Sholáthar Rialtais a fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2017.



An Dr. Anthony Breslin
Leasuachtarán

Arna dhátú: An 17 Bealtaine 2018

Rinne an Chomhairle cinneadh straitéiseach in R1 2017 seirbhísí breise dlí a fháil le cur leis an acmhainn mhargaidh atá ar fáil, rud a chinnteoidh go bhfaighfear an luach is fearr is féidir ar airgead ó aon chreat-chomhaontuithe ilpháirtí le haghaidh na seirbhísí nideoige dlí sin amach anseo. D'fhág sé sin go ndearna an Chomhairle conradh le comhlacht dlí eile in 2017 gan dul i mbun próiseas iomaíoch soláthair. Ba é €77,800 an caiteachas faoin gconradh sin in 2017.

Foilsíodh an ghairm chomhaontaithe ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí dlí mar phróiseas dhá chéim. Foilsíodh an ceistneoir réamhcháiliúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2017. Foilsíodh an iarraidh ar thairiscintí agus na creat-chomhaontuithe i mí na Nollag 2017.

Tar éis an spriocdháta i mí Eanáir 2018, cuireadh an próiseas iomlán tairisceana agus ceapacháin i gcrích faoi mhí an Mhárta 2018.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Comhairle na nDochtúirí Leighis le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta, Straitéise agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ard bhainistíochta laistigh de Chomhairle na nDochtúirí Leighis atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, is iadsan ar fad a chuireann bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann Comhairle na nDochtúirí Leighis ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2017.

Nithe b'údar imní maidir le rialú inmheánach

Níor tharla aon sárú suntasach in 2017.

Arna shíniú thar ceann Chomhairle na nDochtúirí Leighis



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

The Medical Council

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the Medical Council for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 32 of the Medical Practitioners Act 2007. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Medical Council at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Medical Council and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Medical Council has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement and Council members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

24 May 2018

Appendix to the report

Responsibilities of Medical Council members

The governance statement and Council members' report sets out the Council members' responsibilities. The Council members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Medical Practitioners Act 2007 to audit the financial statements of the Medical Council and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty

exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Medical Council's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Medical Council to cease to continue as a going concern.

- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Ioncam			
Táillí coinneála	2	11,111,361	10,574,820
Táillí clárúcháin	2	2,517,246	2,576,636
Ioncam ilghnéitheach	2	469,647	436,454
Iomlán an ioncaim		14,098,254	13,587,910
Caiteachas			
Pá agus tuarastail	3	3,529,269	3,470,965
Costais sochar scoir	3	1,172,449	843,544
Costais na Comhairle agus cruinnithe		522,703	614,420
Earcaíocht, oiliúint agus oideachas foirne		258,171	200,279
Cíos agus rátaí		974,260	974,176
Costais dlí		2,919,657	3,662,791
Riarachán ginearálta	4	979,801	1,108,326
Táillí sainchomhairleoireachta agus táillí gairmiúla eile		690,353	224,142
Muirir airgeadais		52,461	106,243
Táillí Iniúchta		18,000	16,000
Fógraíocht agus monatóireacht ar na meáin		14,992	24,009
Gnóthachan ar dhiúscairtí sócmhainní		(120)	(1,443,553)
Dímheas	6	276,718	374,395
Caiteachas iomlán		(11,408,714)	(10,175,737)
Barrachas oibriúcháin		2,689,540	3,412,173
Gluaiseacht chóirluacha i sócmhainní airgeadais	7	194,367	49,835
Ús iníoctha/infhaighte		16,094	(835)
Ús ar Cháin a Íocadh go Déanach		(15,404)	0
Ioncam infheistíochta		61,585	83,507
Barrachas don bhliain	11	2,946,182	3,544,680
Aistriú ón / (chuig an) gcúlchiste pinsin	11	628,000	284,197
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		20,912,176	17,083,299
Iarmhéid curtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		24,486,358	20,912,176

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 45 - 57 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle an 17 Bealtaine 2018 agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Anthony Breslin
Leasuachtarán



An tUas. William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna dhátú: An 17 Bealtaine 2018

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Barrachas don bhliain		2,946,182	3,544,680
(Caillteanas) / gnóthachan ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	10 (b)	(1,186,000)	297,000
Athrú ar na boinn tuisceana atá faoi luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	10 (b)	124,000	(1,209,000)
Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain		1,884,182	2,632,680

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 45 - 57 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle an 17 Bealtaine 2018 agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Anthony Breslin
Leasuachtarán



An tUas. William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna dhátú: An 17 Bealtaine 2018

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoín, gléasra agus trealamh	6	1,576,605	1,640,689
Sócmhainní airgeadais	7	10,424,488	4,235,046
		12,001,093	5,875,735
Sócmhainní Reatha			
Infháiltais	8	1,078,830	1,027,243
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		20,085,510	22,053,831
		21,164,340	23,081,074
Dlíteanais Reatha (méideanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Nithe iníoctha	9	(8,679,075)	(8,044,633)
Glansócmhainní Reatha		12,485,265	15,036,441
Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha (roimh shochair scoir)		24,486,358	20,912,176
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsín	10 (b)	704,000	513,000
Oibleagáidí sochair scoir	10 (b)	(19,391,000)	(17,510,000)
Glansócmhainní		5,799,358	3,915,176
Lena léirítear			
Cúlchistí ioncaim coinnithe	11	24,486,358	20,912,176
Cúlchiste sochair scoir	11	(18,687,000)	(16,997,000)
Iomlán		5,799,358	3,915,176

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na Nótaí ar leathanaigh 45 - 57 ina gcuid de na ráitis airgeadais.

Arna fhaomhadh ag an gComhairle an 17 Bealtaine 2018 agus arna shíniú thar a ceann ag



An Dr. Anthony Breslin
Leasuachtarán



An tUas. William Prasifka
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Arna dhátú: An 17 Bealtaine 2018

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Réiteach an easnaimh don bhliain leis an nglan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2017 €	2016 €
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Ioncam Barrachais thar Chaiteachas	2,946,182	3,544,680
Glanchistiú iarchurtha do phinsin	(191,000)	(513,000)
Dímheas agus maolú maoine, gléasra agus trealaimh	276,718	374,395
Laghdú / (méadú) ar infháiltais	(67,683)	125,320
Méadú / (laghdú) ar nithe iníoctha	634,443	999,546
Méadú / (laghdú) ar an muirear sochair scoir	819,000	797,198
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	4,417,660	5,328,139
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús a fuarthas	16,094	0
Íocaíochtaí le maoín, gléasra agus trealamh a fháil	(212,635)	(111,048)
Fáltais ón bpunann infheistíochtaí	(61,584)	(83,507)
Infheistíocht sa phunann chothromais	(6,000,000)	2,000,000
Íocaíochtaí as an táille bainistíochta punainne	61,653	42,211
Gluaiseacht chóirluacha i sócmhainní airgeadais	(194,367)	(49,836)
Ús fabhraithe ar an bpunann infheistíochtaí	4,858	3,572
Costas coinneála maoine diúscartha	0	813,936
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(6,385,981)	2,615,328
Glanmhéadú / (glanlaghdú) ar Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	(1,968,321)	7,943,467
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir	22,053,831	14,110,364
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig	20,085,510	22,053,831

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá leagtha amach anseo thíos bunús na cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag Comhairle na nDochtúirí Leighis. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe.

a) Eolas Ginearálta

Cuireadh Comhairle na nDochtúirí Leighis ar bun faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 (arna leasú in 2007) agus tá a ceannoifig suite ag Teachta Kingram, Plás Kingram, Baile Átha Cliath 2.

Is é príomhchuspóir Chomhairle na nDochtúirí Leighis an pobal a chosaint ach ardchaighdeán a chur chun cinn agus a chinntiú i measc cleachtóirí leighis ó thaobh iompar, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil de réir mar a leagtar amach i gCuid 2, Alt 6 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (ELP) í Comhairle na nDochtúirí Leighis.

b) An Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go FRS 102.

c) Bunús a nUllmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

d) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas nó ar a luacháil, lúide dímheas carntha. Ríomhtar an muirear ar dhímheas le costas nó luacháil bhunaidh na maoine, an ghléasra nó an trealaimh, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscríobh le himeacht a saolré ionchais mar seo a leanas:

Foirgnimh	- 2% líne dhíreach
Feabhsúcháin léasachta	- 5% líne dhíreach
Trealamh oifige	- 20% líne dhíreach
Daingneáin agus feistis	- 12.5% líne dhíreach
Trealamh ríomhaireachta agus forbairt bogearraí	- 33.3% líne dhíreach

De réir FRS 102, caithfear áitribh a athluacháil gach 5 bliana, agus luacháil eatramhach a dhéanamh i mbliain 3. Amhail an 31 Nollaig 2017 ní raibh aon áitribh ruilse ar Chlár na Sócmhainní.

Is é polasaí Chomhairle na nDochtúirí Leighis saothair ealaíne is sócmhainní seasta a athluacháil gach 5 bliana. Bhí luacháil le déanamh i 2016, ach de bharr cúrsaí nach raibh aon neart ag Comhairle na nDochtúirí Leighis orthu cuireadh an luacháil sin siar go dtí 2018.

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais mar mhíreanna caipitil agus déantar iad a dhíscríobh le himeacht a saolré ionchais ón dáta a gcuirtear i gníomh iad.

e) Sócmhainní Airgeadais

Sócmhainní airgeadais a choinnítear mar shócmhainní neamhreacha, luaitear ar a luach margaidh iad. Cuirtear aon bharrachas nó easnamh san áireamh sa Ráiteas ar loncam Cuimsitheach agus sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí loncaim Coinnithe faoi seach. Aithnítear ioncam ó shócmhainní airgeadais, mar aon le haon cháin shiarchoinneálach a bhaineann leo, sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte.

Na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Tá infheistíocht ag an gComhairle i gciste a chuimsíonn bannaí, cistí infheistíochta airgid thirim agus gnáthscaireanna i roinnt cuideachtaí atá liostaithe agus trádáilte go gníomhach ar stocmhargaí aitheanta. Bainistítear an ciste taobh amuigh den Chomhairle. Aithnítear ioncam ón bpunann infheistíochtaí (glan ar aon cháin shiarchoinneálach a bhaineann léi) sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina bhfuil sé infhaighte. Aithníodh an infheistíocht ar a costas ar an gcéad dul síos agus luacháladh ina dhiaidh sin ar a luach cóir í tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is é an luach cóir meánphraghas na n-urrús ar mhargadh gníomhach ag an dáta tuairiscithe tar éis an cháin is iníoctha ar aon ghnóthachain a tuilleadh a chur san áireamh. Aithnítear athruithe ar luach cóir infheistíochtaí sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

f) Airgeadraí Eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a shóinseáil ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a tharlaíonn le linn na bliana, déantar iad a shóinseáil ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Déantar plé leis na difríochtaí malartaithe a eascraíonn as sin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.

g) Ioncam

Aithnítear táillí, seachas táillí coinneála, mar ioncam sa bhliain ina bhfaightear iad. Gearrtar táillí coinneála go bliantúil i leith cleachtóirí a dhéanann iarratas le leanúint de bheith ar chlár na Comhairle. Aithnítear táillí coinneála agus ioncam eile mar ioncam sa bhliain a mbaineann siad léi.

h) Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrú le modh an ghlanráta úis.

i) Sochair Scoir

Feidhmíonn Comhairle na nDochtúirí Leighis scéim pinsin le sochar sainithe a mhaoineítear go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil di agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne.

Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach le modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Is éard atá i gceist leis an muirear sochair scoir chuig SIERR ná na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse, na costais reatha seirbhíse agus na costais úis, agus tá siad léirithe glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir na bhfostaithe, a gcoinníonn Comhairle na nDochtúirí Leighis iad.

Gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí, aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

Is ionann na dliteanais sochair scoir agus luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn an cúlchiste sochair scoir an t-easnamh cistithe ar dhliteanais na scéime sochair scoir.

Feidhmíonn an Chomhairle an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í i gcomhair fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh. Tugtar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair ar aghaidh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ina theannta sin, íoctar ranníocaíocht fostóra leis an Roinn de réir Chiorclán 28/2016 de chuid na Roinne. Déanann sócmhainn mhaoinithe iarchurtha cúiteamh ar an dliteanas i leith bhaill na Scéime Aonair de réir fhorálacha Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe le himeacht shaolré an léasa. Aithnítear an caiteachas ar bhonn na líne díre le himeacht thréimhse an léasa, ach amháin nuair is ann do mhéaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta boilscithe ionchais, agus aithnítear na méaduithe sin le himeacht shaolré an léasa sa chás sin.

k) Infháltais

Taifeadtar infháltais trádála ar an leibhéal táille arna chinneadh ag an gComhairle de réir Alt 36 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Má theipeann ar an gcleachtóir leighis an fhoirm bhliantúil um choinneáil clárúcháin a chomhlánú agus an táille coinneála a íoc, scriosfar ó Chlár na Cleachtóirí Leighis é de réir Alt 79 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007. Fágann an próiseas sin nach gá foráil a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha toisc go gcuirtear na táillí arna n-eisiúint ar ceal tráth a scriosta ón gClár. Taifeadtar infháltais eile ar an bpraghas idirbhirt.

l) Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta agus Meastacháin

Leis na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear ar an lucht bainistíochta teacht ar bhreithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a imríonn tionchar ar na méideanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chlár chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus caiteachas le linn na bliana. Bíodh sin mar atá, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na torthaí iarbhair ag teacht leis na meastacháin sin sa deireadh thiar. Rinneadh na breithiúnais seo a leanas an tionchar is mó ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

► Bearnúchán Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh lena mheas an bhfuil siad bearnaithe cibé uair a tharlaíonn imeachtaí nó athruithe a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghafa. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghafa.

Is í an tsuim in-aisghafa luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó an luach úsáide, cibé acu is mó. Chun críche bearnúcháin a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a mbaineann sreafaí airgid is féidir a aithint go leithleach leo (aonaid ginte airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'éirigh bearnaithe ar gach dáta tuairiscithe lena mheas an féidir an bearnúchán a chur ar ceal.

► Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCeannasaí Airgeadais ar shaolré na sócmhainní agus ar luach iarmharach na ranganna uile maoine, gléasra agus trealaimh a bhaineann leo, agus go háirithe, ar shaolré ionchais eacnamaíoch agus luach iarmharach na ndaingneán agus feisteas, agus tháinig sé ar an tuairim go bhfuil saolré agus luach iarmharach na sócmhainní cuí.

► Soláthairtí

Déanann Comhairle na nDochtúirí Leighis soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, is eol di atá amuigh ar dháta deiridh na tréimhse. Is iondúil go ndéantar na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta, áfach. Dá bhrí sin agus de bharr nach féidir a bheith cinnte faoi na torthaí deiridh, tá seans ann go mbeidh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhair agus an meastachán.

► Oibleagáid Sochair Scoir

Na boinn tuisceana atá faoi na luachálacha achtúireacha, ar dá réir a n-oibrítear amach na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta i gcostais cúraim sláinte), déantar iad a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar na dálaí eacnamaíochta reatha, agus le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus scoir a chur san áireamh.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na foshuíomhanna sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáide ardchaighdeán;
- (ii) leibhéil cúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh fostaíochta amach anseo;
- (iii) rátaí treochta i gcostais cúraim sláinte, an ráta boilscithe ar chostais leighis sna réigiúin a bhaineann le hábhar.

Na nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

2. Ioncam

Is éard atá sna míreanna ioncaim ná:

	2017 €	2016 €
Táillí coinneála		
An táille bhliantúil choinneála is iníoctha ag Dochtúirí lena gclárúchán ar Chlár na nDochtúirí Leighis a choinneáil	11,111,361	10,574,820
Táillí clárúcháin		
Intéirneacht	234,050	240,560
Clárúchán ginearálta	2,103,570	2,146,636
Athchur le Clár Ginearálta na gCleachtóirí Leighis	51,056	44,870
Táillí clárúcháin do speisialtóirí	128,570	144,570
	2,517,246	2,576,636
Ioncam ilghnéitheach		
Táillí seirbhíse	40,479	28,185
Táillí creidiúnaithe	5	(12,776)
Scrúduithe	158,836	192,425
Deimhniú ar dhea-stádas	148,495	136,222
Táille íocaíochta déanaí	43,198	19,192
Costais dlí arna n-aisghabháil	8,681	2,750
Eile	69,953	70,456
